



Sonraí na Cuideachta

Príomhbhaincéirí

Banc AIB cpt
Banc na hÉireann

Iniúcháirí

Deloitte & Touche

Aturnaetha

McCann Fitzgerald

Achtúirí Comhairleacha

Towers Watson

Oifigí ar oscailt

10rn-4in
Luan go hAoine

Rphost/Láithreán Gréasáin

info@vhi.ie
www.vhi.ie

Guthán

Íosghlao 1890 44 44 44

Línte ar Oscailt

8rn-6in Luan go hAoine
9rn-3in Satharn

Cork

Teach Vhi
70 An Meal Theas
Facs: 021 4277901

Baile Átha Cliath

Sráid na Mainistreach
Teach Vhi
Bóthar na Mainistreach Íochtarach
Baile Átha Cliath 1
Facs: 01 7994091

Dún Laoghaire

35/36 Sráid San Seirse Íochtarach
Facs: 01 6197456

Gaillimh

10 An Fhaiche Mhór
Facs: 091 564307

Gaoth Dobhair

Údarás na Gaeltachta
Gaoth Dobhair
Co. Dhún na nGall
Facs: 074 9531548

Cill Chainnigh

Páirc Ghnó IDA
Inse an Phuirséalaigh
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Facs: 056 7761741

Luimneach


Teach an Ghairneora
Cé Charlotte
Facs: 061 310361

Clár Ábhair


Sonraí na Cuideachta	
Staitisticí Oibríochta	2
Bord Stiúrthóirí	4
Athbhreithniú an Chathaoirligh	6
Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin	12
Athbhreithniú na nOibríochtaí	14
Tuarascáil na Stiúrthóirí	25
Tuarascáil na nIniúcháirí	31
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	33
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	36
Clár Comhardaithe	37
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	38
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	38
Nótaí do na Cuntais	39
Torthaí Comparáideacha	52
Bainistiú Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht	53

Staitisticí Oibríochta


Sciar Margaidh Vhi um Chúram Sláinte %



Leibhéal an Chorrlaigh Shócmhainneachta



Costais Oibríochta mar % den Ioncam Tuillte



In 2010, d'infheistigh Vhi um Chúram Sláinte acmhainní breise ina nAonad Imscrúdaithe Speisialta (SIU) agus bhí forbairt an aonaid seo mar bhonn le méadú suntasach ar an líon cásanna atá á n-imscrúdú agus le méadú freisin ar an leibhéal airgid atá á bhforchúiteamh ó sholáthraithe. D'aisghabháil SIU breis agus €3.9 milliún in 2010 agus rinne sé imscrúdú ar thart ar 2,000 fiosrúchán ó chustaiméirí maidir le héilimh a íocadh ar a son. Próiseálann Vhi um Chúram Sláinte breis is leathmhilliún éileamh gach bliain agus tá sé ríthábhachtach, go háirithe agus cúrsaí geilleagair mar atá, go leanann custaiméirí ar aghaidh ag cabhrú linn a chinntiú go bhfuil gach cent a íocaimid ar a son á íoc i gceart.



Aonad Imscrúdaithe Speisialta



Bernard Collins



Gillian Bowler



Seamus Creedon



Jimmy Tolan



Christy Cooney



Liam Downey

Bord Stiúrthóirí

Bernard Collins

Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha i Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/Gnó ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire aige. Tá an tUas. Collins ar bhord go leor cuideachtaí eile in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003.*

Jimmy Tolan BComm FCA

Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2008. Bhí an tUas. Tolan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 agus rinne sé bainistiú ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe is ea Jimmy Tolan agus fuair sé a chuid oiliúna ó KPMG. Tá Céim BComm agus Dioplóma i gCuntasaíocht Ghairmiúil aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Gillian Bowler

FMII FMgt, Dochtúireacht

Onórach le Dlí

Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Plc., Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Grafton Group.*

Criostóir Ó Cuana

Máistreacht Oideachais

Uachtarán CLG.*

Seamus Creedon

Is achtúire cáilithe é Seamus Creedon agus tá sé ceaptha ar bhonn neamhfheidhmiúcháin ar roinnt cuideachtaí árachais saoil, árachais ghinearálta agus atharachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is é atá i gceannas ar rannchuidiú Ghairm Achtúireach na hEorpa le 'Solvency II'. Bhí sé ina chomhpháirtí i KPMG, Londain áit a raibh sé i gceannas ar chleachtas achtúireach na Ríochta Aontaithe mar aon le bheith ina Leascheannaire ar chleachtas achtúireach Domhanda KPMG. Roimhe sin bhí sé ag obair mar Phríomhfheidhmeannach ag Lifetime, Cuideachta Árachais Bhanc na hÉireann agus mar Cheannaire na Forbartha Corparáidí san Eoraip ar son Bhanc na hÉireann.

Liam Downey

Bhí Liam Downey ag obair mar Phríomhfheidhmeannach Éireannach do Becton Dickinson tráth, cuideachta ceannródaíoch domhanda sa mhíochaine teicneolaíochta. Chaith sé seal mar Chathaoirleach ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar Uachtarán ar Chónaidhm Fhostóirí na hÉireann, mar iontaobhaí agus mar chomhalta boird de Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), mar Chathaoirleach ar Chumann Feistí Míochaine na hÉireann agus mar bhall den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é Liam, agus is comhalta cairte é den Institiúid um Fhorbairt Foirne agus comhalta d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann.*



Celine Fitzgerald



Karen Hickey-Dwyer



Humphrey Murphy



Cathriona Hallahan



Declan Moran



Liam Twohig

Celine Fitzgerald

Is í Celine Fitzgerald POF de Rigney Dolphin Group, a fhostaíonn breis agus 1,200 duine. Sular thosaigh Celine ag obair le Rigney Dolphin chaith sí beagán le cois seacht mbliana ag obair mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag Vodafone Ireland. Is saineolaí ar bhainistíocht caidreamh custaiméirí agus ar sheirbhísí do chustaiméirí í Celine agus go dtí seo bhí roinnt ról sinsearach aici sna hearnálacha teileachumarsáide agus BPO.*

Cathriona Hallahan FCCA

Thosaigh Cathriona Hallahan ag obair le Microsoft i 1986 agus ceapadh í mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Ionad Oibríochtaí EMEA (EOC) Microsoft in 2008. Tá sí i gceannas ar fhoireann 600 duine atá i mbun oibríochtaí a bhainistiú i 120 tír. Bhain sí cáiliúcht amach mar Oiliúnaí Feidhmiúcháin agus tá spéis ar leith aici i mBainistíocht Athruithe agus i bhForbairt Ceannaireachta. I láthair na huaire tá sí ina comhalta de Chomhairle an PSI (Cumann Cógaiseoirí na hÉireann), de bhord Chomhlachas Tráchtála Mheiriceá, agus de bhord Kanchi Network agus ainmníodh í mar Bhean Ghnó na Bliana O2 WMB in 2009.

Karen Hickey-Dwyer FRIAI

Is ag obair mar chomhairleach le Hickey-Dwyer, Aturnaetha, atá Karen Hickey-Dwyer faoi láthair agus i measc na réimsí sainspéise atá aici tá cúram sláinte, dlí teaghlaigh, faillí chliniciúil agus dlíthíocht árachais. Glacadh léi i Rollaí Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann i 1998. Tá sí ina Comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath; de Chomhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh; de Dhlí-Chumann na hÉireann; de Chomhlachas Dlíodóirí um Dhíobhálacha Pearsanta; agus de Chumann Idirnáisiúnta an Bharra.#

Declan Moran

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ón mbliain 1994. Tháinig sé go Vhi um Chúram Sláinte i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi é sa bhliain 2008. Tá sé freagrach as punann táirgí Vhi um Chúram Sláinte a bhainistiú, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus saineolas achtúireach a sholáthair laistigh den eagraíocht.

Humphrey Murphy

Cathaoirleach, Hygienic Stainless Steels Ltd sa Ríocht Aontaithe, Comhalta de Chomhlacht Rialaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 1997 go dtí seo, Cathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 2003-go dtí seo, Stiúrthóir ar Údarás Aerfort Chorcaí.*

Liam Twohig BComm FCA

Comhpháirtí Sinsearach, Baker Tilly Ryan Glennon, Comhpháirtithe Gnó agus Cuntasóirí, Iar-Uachtarán ar Chomhlachas Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann.#



Bernard Collins, Cathaoirleach

Athbhreithniú an Chathaoirligh

Réamhrá

Bliain dhúshlánach ba ea an bhliain atá á hathbhreithniú le haghaidh Vhi um Chúram Sláinte agus tá sé an-soiléir anois faraor go bhfuil deireadh á chur ag fórsaí margaidh le Poblárátú go príomha mar gheall ar theip an Rialtais na creidmheasanna cánach bainteach le haois a shocrú ag leibhéal a bhainfeadh amach cothromaíocht chuí sa mhargadh árachais sláinte agus a chosnódh, faoi seach, baill breacaosta den tsochaí. Tá margadh árachais sláinte mífheidhmiúil cruthaithe mar thoradh air seo ina bhfuil iomaíochas an-suntasach le haghaidh daoine óga brabúsacha agus scéimeanna corparáideacha agus gan aon iomaíocht le haghaidh custaiméirí árachais sláinte breacaosta a mbaineann caillteanas leo. Níl baint amach sprice i ndáil le margadh árachais sláinte príobháideach poblárátaithe inbhuanaithe in éagmais cur i bhfeidhm iomlán na meicníochtaí tacaíochta riachtanacha a bhí geallta ag an Rialtas roimhe seo. Le roinnt blianta anuas, dheighil an margadh árachais sláinte ó thaobh táirge de agus, mura réitítear an tsaincheist seo, táthar ag súil go ndeighlfidh an margadh árachais sláinte go hiomlán ó thaobh praghsála de, rud a chiallaíonn go n-íocfaidh daoine breacaosta i bhfad níos mó dá n-árachas sláinte ná baill óga den tsochaí. Ní chreideann Vhi um Chúram Sláinte go mbeadh sé seo chun leasa an tsochaí.

Rialáil Margaidh, Idirghníomhaíochtaí Rialtais agus an Cinneadh Pragsála

I mBealtaine 2010 d'fhógair an Rialtas go raibh sé ar intinn aige sraith chuimsitheach bheart ceaptha chun Poblárátú a chothú a chur i bhfeidhm. I ndiaidh an fhógra seo, áfach, theip ar an Údarás Árachas Sláinte agus ar an Roinn Sláinte agus Leanaí araon na cinntí a bhí riachtanach d'fhonn an beartas seo a chur i gcrích a dhéanamh.

I Mí na Nollag 2010 d'ardaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí an costas a bhaineann le cóiríocht phríobháideach in ospidéal phoiblí faoi 21% ar an meán gan, b'fhéidir, léirtheiscint iomlán a bheith acu ar an tionchar díobhálach suntasach

ar an margadh árachais sláinte. Chomh maith leis sin, theip ar an Údarás Árachas Sláinte moladh a thabhairt chun an faoiseamh cánach bainteach le haois a ardú chuig leibhéal a thabharfadh cosaint do bhaill bhreacaosta na sochaí. Mar thoradh na gcinntí seo ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ag an Údarás Árachas Sláinte, bhí Vhi um Chúram Sláinte ag déileáil le caillteanais €147m sa bhliain 2011 maidir lena chustaiméirí atá os cionn 60 bliain d'aois agus le caillteanais de níos mó ná €100m maidir le Plean B agus Roghanna Plean B sular fógraíodh na méaduithe ar phraghas ar 6 Eanáir 2011.

D'fhonn inbhuanaitheacht a chinntiú agus a chuid oibleagáidí dlíthiúla i ndáil le hioncam a chomhoiriúnú le caiteachas a chomhlíonadh, ní raibh aon dul as ag Vhi um Chúram Sláinte ach an praghas ar Phlean B a mhéadú faoi 35% agus an praghas ar Phlean B Roghanna a mhéadú faoi 45%. Sheachnófaí na méaduithe seo dá mbeadh cinntí déanta ag an Údarás Árachas Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí i gcomhréir leis na spriocanna a cuireadh in iúl go soiléir i mí na Bealtaine 2010 agus ar léir go raibh gach páirtí polaitíochta ag tacú leo i bprionsabal.

Is mór an t-aiféala atá ar Vhi um Chúram Sláinte go raibh air na méaduithe seo ar phraghas a chur i bhfeidhm. Ar an drochuair, áfach, is í fírinne an scéil ná go bhfuil siad riachtanach chun costais chúraim sláinte ár gcustaiméirí a mhaoiniú sna 12 mhí atá le teacht.



Is réitigh árachais sláinte nua agus nuálacha iad One Plans de chuid Vhi atá deartha chun na costais atá le n-íoc ag teaghlaigh in Éirinn agus cúrsaí geilleagair mar atá a laghdú, agus ag an am céanna cumhdach sláinte den chéad scoth a sholáthar díreach mar a bhíonn súil ag daoine leis ó Vhi um Chúram Sláinte. Ó seoladh an scéim seo in Aibreán 2010, is léir an-tóir a bheith ag daoine ar One Plans de chuid Vhi um Chúram Sláinte agus tá beagnach 130,000 custaiméir páirteach sa scéim go dtí seo.

Soláthraíonn One Plans cumhdach ospidéal den scoth, lena n-áirítear cumhdach iomlán le haghaidh seomra príobháideach agus cóireála in aon ospidéal poiblí agus cumhdach iomlán le haghaidh réimse leathan cóireálacha i gcóiríocht leathphríobháideach i bhformhór na n-ospidéal príobháideach (ach amháin Clinic Blackrock agus Ospidéal Príobháideach an Mater), faoi réir barrachas €125 le haghaidh gach éileamh. Ina theannta sin, soláthraítear mar chuid de na pleananna seirbhísí a bhaineann le measúnuithe ar mheabhairshláinte agus teiripe le haghaidh riochtaí struis ag Clinicí Dean agus dhá chuairt ar Chlinicí Vhi SwiftCare chun cóir leighis a fháil do mhionghortaithe agus do mhiontinnis.

One Plans de chuid Vhi

Athbhreithniú an Chathaoirligh [AR LEAN]

Tá sé de dhíth ar Vhi um Chúram Sláinte, faoin reachtaíocht a ghabhann leis, a chinntiú go bhfuil a chuid ioncain ag comhoiriúnú lena chuid caiteachais agus, le dhá bhliain anuas, tá a lán céimeanna tógtha againn chun na costais mhéadaitheacha a bhaineann le freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí a rialú.

Is ionann iad seo agus €100 milliún de choigiltis bhliantúla agus áirítear iontu:

- Laghdú 15% ar tháillí comhairleach,
- Laghdú 6% ar tháillí na n-ospidéal príobháideach,
- Laghdú bliantúil €14 milliún ar chostais riaracháin.

Tá uasleibhéil ioncain socraithe againn freisin le hospidéal phríobháideacha agus nílimid ag cumhdach aon saoráidí príobháideacha nua i láthair na huaire mura sholáthraíonn siad seirbhísí nuálacha míochaine dár gcustaiméirí agus luach suntasach do Vhi um Chúram Sláinte. Creidimid freisin go bhfuil acmhainn dhóthanach maidir le hospidéal phríobháideacha ann in Éirinn dár gcustaiméirí.

Idir Mheán Fómhair 2009 - 31ú Nollag 2010, bhí beagnach 100 idirghníomhú ag Vhi um Chúram Sláinte le codanna éagsúla den Rialtas, agus bhí baint shonrach ag 60 díobh leis an gcaoi is fearr cosaint a thabhairt do bhaill bhreacaosta den tsochaí. Ní mór do Vhi um Chúram Sláinte inbhuanaitheacht a bhaint amach beag beann ar an timpeallacht rialála ach leanfaimid orainn chomh maith ag déanamh stocaireachta ar an Rialtas nua chun creidmheasanna cánach a shocrú ag an leibhéal is gá chun tacaíocht a thabhairt do chostais chúraim sláinte na mball breacaosta den tsochaí.

Creidim go bhfuil réiteach ann ach tá an tÚdarás Árachas Sláinte (HIA) agus an Rialtas freagrach ar deireadh as cinneadh a dhéanamh maidir le

leibhéal na gcreidmheasanna cánach is gá chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine breacaosta faoi árachas. A fhad is nach ndéileálann na creidmheasanna cánach leis na caillteanais a tháirgtear trí chustaiméirí breacaosta a chlúdach, is ea a bheith ar Vhi, bliain i ndiaidh bliana, a chuid praghsanna a mhéadú i bhfad níos mó ná mar is mian leis, nó mar a cheapann sé a bheith cóir dá chustaiméirí.

Teip an Iomaíochais sa mhargadh Árachais Sláinte

Ó tharla dírialú sa bhliain 1996, tá príomhthréith amháin ag baint leis an margadh árachais sláinte - *Tá daoine óga an-bhrabúsach agus baineann caillteanais shonracha le breacaosta*. I bhfianaise na príomhthréithe margaidh seo, tá dírithe ag iontrálaithe nua ar dhaoine óga a chur faoi árachas agus daoine breacaosta a sheachaint. Is iompraíocht réasúnach mhargaidh é seo. Níl an iompraíocht seo, áfach, ag teacht le cuspóirí an mhargaidh phobalráitithe ina ndéantar cothromú ar rioscaí.

Tá tréithe bunúsacha an mhargaidh reatha leagtha amach ag an Údarás Árachas Sláinte.

- 1 Dearfaidh agus margóidh árachóirí táirgí atá tarraingteach do rioscaí níos fearr.
- 2 Cosnaítear árachóirí le próifílí riosca fabhracha ó árachóirí le próifílí riosca nach bhfuil chomh fabhrach céanna.
- 3 Beidh na hárachóirí a bhaineann úsáid as an straitéis mhargaíochta is fearr chun daoine folláine a mhealladh agus daoine mífholláine a sheachaint i measc na n-árachóirí is brabúsaí.
- 4 Bíonn sé de dhualgas ar árachóirí le próifílí riosca níos measa préimheanna níos airde a ghearradh nó tabhóidh siad caillteanais.

D'ainneoin na dtréithe seo, níor mhol an tÚdarás Árachas Sláinte ach coigeartuithe measartha don Aire Sláinte & Leanaí maidir leis an gcóras um thobhach agus fhaoisimh cánach ag an bhfoinse (TRS).

Tá iomaitheoirí de chuid Vhi um Chúram Sláinte tar éis díriú agus dul sa tóir go rathúil ar dhaoine óga brabúsacha ó 1996. Is í an straitéis a bhí acu go dtí seo ná chun sochair chúraim sláinte de chuid Vhi um Chúram Sláinte a mheaitseáil ar phraghas níos ísle agus iad a mhargú do ghrúpaí óga.

Tá Aviva um Chúram Sláinte, mar an iontrálaí is nuaí le hacmhainní suntasacha, tar éis a uasphróifíil riosca a shaothrú agus le dhá bhliain anuas, tá beagnach 170,000 custaiméir caillte ag Vhi um Chúram Sláinte. Ghin Aviva um Chúram Sláinte brabúis roimh chárán de €22m sa bhliain 2010 agus léiríonn sé seo toradh ar chaipiteal in úsáid thar 100%. Ghin Bupa sárbrabúis chomh maith, trí oiread na mbrabús a ghin sé sa Ríocht Aontaithe sular fhág sé an margadh in 2007.

Faoi chóras tobhaigh/faoisimh cánach ag an bhfoinse na bliana 2011, bíonn méanchaillteanas níos mó i gceist le haoisghrúpa níos sine. Bíonn ar Vhi um Chúram Sláinte riachtanais chúraim sláinte 129,000 custaiméir os cionn seachtó bliain d'aois a mhaoiniú cé nach mbíonn ar a iomaitheoirí ach 13,000 custaiméir a mhaoiniú. Bhí Vhi um Chúram Sláinte ag déileáil le caillteanais €110m maidir lena chustaiméirí os cionn seachtó bliain d'aois cé gur caillteanais €8m a bhí ag a iomaitheoirí.

Níl an córas faoisimh cánach nua bainteach le haois a leasaíodh i Mí na Nollag 2010 ach 55% éifeachtach, rud a dtugann spreagadh d'iomaitheoirí díriú ar dhaoine óga brabúsacha a mhealladh agus a choimeád. Ar an drochuair,

ciallaíonn sé seo go bhfuil an príomhfhócas laistigh de mhargadh árachais sláinte na hÉireann dírithe ar rioscaí níos fearr a mhealladh seachas feabhas a chur ar thorthaí sláinte nó soláthar cúraim sláinte a athchóiriú. Mura dtugtar aghaidh ar an staid seo, is í fírinne an scéil ná go mbogfaidh margadh árachais sláinte na hÉireann i dteo na samhla Meiriceánaí briste ag tráth, go híorónta, nuair atá Meiriceá ag iarraidh a shamhail chúraim sláinte féin a athdhearadh. Níl an cineál iomaíochta seo chun leas shochar na hÉireann agus ní bhaineann aon luach áirgiúlachta léi don tsochar, de bharr gur chóir d'iomaíocht laistigh d'árachas sláinte a bheith dírithe go príomha ar thorthaí cúraim sláinte a fheabhsú agus ar chúram a chur ar fáil sa tsuíomh is iomchuí agus is éifeachtaí.

Réiteach

Fiú ag an gcéim dhéanach seo tá sé indéanta an tsaincheist seo a réiteach.

Is éard a bheadh i gceist leis seo ná an tobhach agus an faoiseamh cánach ag an bhfoinse a choigeartú ionas go ndéanfaidh baill óga na sochar maoiniú ar bhaill bhreacaosta na sochar. Caithfear an faoiseamh cánach bainteach le haois a mhéadú le haghaidh ball breacaosta den tsochar agus ba cheart é seo a mhaoiniú tríd an tobhach is iniúchta ag daoine fásta a mhéadú ón ráta reatha de €205 go €295. Chabhródh an méadú measartha seo linn bogadh i dtreo córais Phobalráitithe a fheidhmíonn go hiomlán agus spreagfadh sé iomaíocht i ngach aoisghrúpa.

Aois	2011 TRS Bainteach le hAois	Riachtanach TRS Bainteach le hAois
60 – 69	€625	€945
70 – 79	€1,275	€2,110
80+	€1,725	€2,880

Mura ndéantar dul chun cinn, ní chomhlíonfar sprioc sóisialta an Phobalráitithe agus cruthófar gar-áit mhargaidh atá grádaithe ag riosca de thoradh fórsaí margaidh. Is é an toradh a bheidh ar seo ná go laghdófar praghsanna do bhaill óga ach méadófar praghsanna do bhaill aosta dá bharr toisc gur sin an tslí ina bhfeidhmíonn an margadh. Creidimid go bhfuil deis ann don Rialtas nua tabhairt faoin tsaincheist seo agus í a réiteach ar dhóigh a chosnóidh baill bhreacaosta den tsochaí.

Dúshlán um Maoiniú Cúraim Sláinte na hÉireann agus Ról de chuid Vhi um Chúram Sláinte

Tá dúshlán shuntasacha os comhair na hÉireann sa chaoi a ndéanfaidh sí maoiniú ar riachtanais chúraim sláinte an daonra sna deich mbliana atá le teacht. Ní dheachaigh ár ndaonra in aois go suntasach le fiche bliana anuas. Ach tá athrú tobann le teacht ar seo sna blianta atá romhainn le méadú measta de 280,000 ball breise den tsochaí os cionn 65 bliain d'aois sna deich mbliana atá le teacht agus 500,000 duine breise os cionn 65 bliana d'aois sna fiche bliain atá le teacht. Beidh an méadú is mó ó thaobh céatadáin de i measc na mball breacaosta den tsochaí, os cionn 85 bliain d'aois, agus meastar go mbeidh méadú 120% ar seo sna deich mbliana atá le teacht.

Táthar ag súil go mbeidh méadú ar líon na ndaoine fásta le riochtaí ainsealacha sna blianta atá romhainn, go háirithe i réimsí cosúil le galar croí ainsealach, strócanna agus diaibéiteas. Chomh maith leis sin, táthar ag súil go mbeidh fás 7% in aghaidh na bliana ar mhéid an chúraim aise a bheidh riachtanach. Sin é le rá go mairfidh daoine i bhfad níos faide le galair níos ainsealaí agus is é an toradh a bheidh air sin ná go mbeidh méadú suntasach ar an éileamh ar sheirbhísí ospidéil, ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus ar chúram laistigh de sheirbhísí pobail, lena

n-áirítear cúram baile agus seirbhísí bainistíochta pobalbhunaithe um ghalair ainsealacha.

Measann Vhi um Chúram Sláinte go bhfuil na meánchostais chúraim sláinte do bhaill den tsochaí atá os cionn cúig bliana is seasca cothrom le thart ar €14,000 in aghaidh na bliana i láthair na huaire le costas bliantúil de €7 billiún ann agus go maoinítear níos mó ná 80% den chaiteachas seo tríd an gcóras cánach. Ar bhonn na samhla cistithe agus soláthair reatha, measann Vhi um Chúram Sláinte go méadófar an costas iomlán a bhaineann le freastal ar riachtanais chúraim sláinte na mball den tsochaí os cionn cúig bliana is seasca go €11 billiún faoin mbliain 2016 agus go €16 billiún faoin mbliain 2021. Fíor-dhúshlán a bheidh ann do shochaí na hÉireann an caiteachas breise cúraim sláinte seo a mhaoiniú.

Tá Vhi um Chúram Sláinte ag súil go mbeidh ról lárnach agus ríthábhachtach aige ó thaobh straitéise de maidir leis na seirbhísí seo a mhaoiniú agus a sholáthar sna blianta atá romhainn, go háirithe i gcás ina gcuirfí córas árachais sláinte uilechoiteann i bhfeidhm. Tá tús curtha againn le roinnt de na clocha tógála riachtanacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear seirbhís ospidéil sa bhaile a sheoladh, mar aon le dhá chlinic scagthástála míochaine a bhunú a dhíreoidh ar Dhiabéiteas Cineál II agus ar riosca cardashoithíoch ar dtús.

Dúshlán Maoinithe de chuid Vhi um Chúram Sláinte

Tá beagnach 25% dár gcustaiméirí os cionn seasca bliain d'aois faoi láthair agus tugtar cuntas ar 50% de chaiteachas Vhi um Chúram Sláinte trí fhreastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí atá os cionn seasca bliain d'aois. Leanfaidh ár gcustaiméirí ar aghaidh ag dul in aois sna deich mbliana atá le teacht agus leanfaidh ár gcustaiméirí breacaosta ar aghaidh

ag maireachtáil níos faide le riochtaí níos ainsealaí agus dá bhrí sin, beidh cúram sláinte breise ag teastáil uathu. Cé go bhfuil 60% de sciar an mhargaidh ag Vhi um Chúram Sláinte, maoinímid 82% de chúram árachais sláinte phríobháidigh i ndáiríre. Maoiníonn ár n-iomaitheoirí 18% de seo ach tá 40% de sciar an mhargaidh acu. Táimid ceithre oiread níos mó ná Aviva Health ach caithimid fiche oiread ar chúram ailse agus ar chóireáil riochtaí cairdiacha ná a chaitheann siad. Tá ár gcuid meánchaitheachais chúraim sláinte in aghaidh an chustaiméara dhá oiread caiteachas ár n-iomaitheoirí mar gheall ar dhifríochtaí i bpróifíl aoise agus riosca na gcustaiméirí de chuid Vhi um Chúram Sláinte i gcomparáid lena iomaitheoirí.

Treochlár don Todhchaí – Rialachán Airgeadais

Is riachtanas straitéiseach é fóill go mbaineann Vhi um Chúram Sláinte rialachán airgeadais amach ach d'fhonn rialachán airgeadais a bhaint amach tá sé ríthábhachtach córas pobalráitithe inbhuanaithe go fadtéarmach a bheith ann a dhéanann cothromú ar na rioscaí agus costais do gach cuideachta árachais sláinte.

Nuálaíocht Chúraim Sláinte

Tá Vhi um Chúram Sláinte tiomanta do sheirbhísí nuálacha agus breisluacha i leith cúraim sláinte a fhorbairt. Le bliain anuas, tá seirbhís ospidéal sa bhaile forbartha againn agus táimid ag súil le cóir leighis a chur ar bhreis agus 800 custaiméir in 2011 agus tá dhá chlinic scagthástála míochaine forbartha againn freisin a dhíríonn ar riosca cardashoithíoch agus ar an riosca a bhaineann le Diaibéiteas Cineál II a fháil a thomhas. Tá sé ar intinn ag Vhi um Chúram Sláinte níos mó acmhainní a thiomnú do stádas sláinte ár gcustaiméirí atá réamh-dhiaibéiteach a fheabhsú sna blianta atá romhainn.

Tá sé ar intinn againn chomh maith cláir bhainistíochta phobalbhunaithe do ghalair ainsealacha a fhorbairt agus tá pleananna againn maidir le seirbhísí pobalbhunaithe eile.

Ómós

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne ball dílis na foirne Mary Sharkey a cailleadh i rith na bliana. Ba mhaith liom ár gcomhbhrón ó chroí a chur in iúl dá muintir, dá cairde agus dá comhghleacaithe i Vhi um Chúram Sláinte. Suaimhneas síoraí dá hanam dílis.

Buíochas

Ba mhaith liom ómós agus buíochas an Bhoird a chur in iúl do na fostaithe go léir as ucht a gcuid díograise i gcaitheamh na bliana seo caite agus as ucht a dtiomantais do Vhi um Chúram Sláinte. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhaltaí Boird agus leis na baill de chuid ár ngrúpaí Comhairleacha as ucht a gcuid tiomantais agus a gcuid tacaíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le hiarchomhaltaí an Bhoird Banbharún Julie Neuberger, an tUas. David Went, an tUas. Cathal Magee agus an tUas. Jim Kelly as ucht a rinne siad do Vhi um Chúram Sláinte. Ba mhaith liom fáilte a chur freisin roimh chomhaltaí nua an Bhoird a thosaigh ag obair le Vhi um Chúram Sláinte i gcaitheamh 2010, is iad sin, Seamus Creedon, Celine Fitzgerald, Liam Downey agus Cathriona Hallahan.



Bernard Collins
CATHAOIRLEACH



Jimmy Tolan



An Dr Bernadette Carr



John Creedon



Tony McSweeney

Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Jimmy Tolan BComm, FCA Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2008. Bhí an tUas. Tolan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 agus rinne sé bainistiú ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe is ea Jimmy Tolan agus fuair sé a chuid oiliúna ó KPMG. Tá Céim BComm agus Diplóma i gCuntasáocht Ghairmiúil aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

An Dr Bernadette Carr MD, FRCPI, MPH, LFOM Stiúrthóir – Míochaine

Is lia agus eipidéimeolaí í Bernadette Carr le taithí fhairsting cliniciúil agus Taighde. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh í agus i measc a cuid cáilíochtaí tá Comhaltacht in UCLA, Dochtúireacht Leighis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ceadúnach de Dhámh um Míochaine Shaothair, Máistreacht i Sláinte Phoiblí agus Diplóma i nDeirmeolaíocht Phraiticiúil (Cardiff).

Toghadh í chun Comhaltachta Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn sa bhliain 1996. Thosaigh Bernadette ag obair le Vhi um Chúram Sláinte i 1994 mar Stiúrthóir Míochaine agus i measc a cuid freagrachtaí tá: caidreamh le soláthraithe agus idirbheartaíochtaí conartha; forbairt míochaine agus cúraim sláinte, soláthar seirbhísí míochaine agus folláine.

John Creedon Stiúrthóir – Éilimh

Tá BSc ag John Creedon i bhFeidhmiúcháin Ríomhaire ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé freagrach as seirbhís, riarachán agus íocaíocht foriomlán éileamh. Bhí roinnt post sinsearach aige le Vhi um Chúram Sláinte sular ceapadh ina Stiúrthóir é sa bhliain 1996.

Tony McSweeney Stiúrthóir – Gnó Aonair agus Corparáideach

Tháinig Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolacháin na hÉireann, go Vhi ón tionscal saoil agus pinsean sa bhliain 1996. Tá sé freagrach as Seirbhísí Custaiméara, Riarachán Custaiméirí agus Díolacháin.



Margaret Molony



Declan Moran



Michael Owens



Willie Shannon

Margaret Molony

Stiúrthóir – Teicneolaíocht Faisnéise

Tá taithí de níos mó ná 25 bliain ag Margaret le Vhi um Chúram Sláinte agus tá sí freagrach as Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise san eagraíocht. Bhí roinnt post sinsearach ag Margaret le Vhi um Chúram Sláinte sular ceapadh ina Stiúrthóir í sa bhliain 2008.

Declan Moran

Stiúrthóir – Margaíocht agus Forbairt Ghnó

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ón mbliain 1994. Tháinig sé go Vhi um Chúram Sláinte i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi um Chúram Sláinte é sa bhliain 2008. Tá sé freagrach as punann táirgí Vhi um Chúram Sláinte a bhainistiú, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus saineolas achtúireach a sholáthar laistigh den eagraíocht.

Michael Owens

Stiúrthóir – Acmhainní Daonna

Tá BA ag Michael Owens i gcaidreamh tionsclaíoch agus is Comhalta Cairte den CIPD é. Thosaigh sé ag obair le Vhi i mí Lúnasa 1999 agus tá níos mó ná 30 bliain taithí aige i mbainistíocht acmhainní daonna, innealtóireacht solais, páipéar agus prionta, miondíol agus árachas tráchtála.

Willie Shannon BBS, FCA

Stiúrthóir – Airgeadas

Is céimí de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é Willie Shannon, áit ar ghnóthaigh sé BBS sa bhliain 1974 agus áit ar cháiligh sé mar chuntasóir cairte i 1977. Thosaigh sé ag obair le gnólacht mhór bróicéirí árachais i 1987 agus ceapadh é mar Stiúrthóir Airgeadais ar an nGrúpa ina dhiaidh sin. Thosaigh sé ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Stiúrthóir Airgeadais sa bhliain 2002. Fónann sé ar roinnt coistí in Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Is iar-Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais Institiúid Árachais na hÉireann é chomh maith agus is Iar-Uachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais é.



Jimmy Tolan, Príomhfeidhmeannach

Athbhreithniú na nOibríochtaí

Mar a chuir an Cathaoirleach in iúl ina athbhreithniú siúd, bliain dhúshlánach eile ba ea 2010 le haghaidh Vhi um Chúram Sláinte. Is cinnte go mbeidh dúshlán le sárú freisin in 2011 ó tharla go bhfuilimid ag iarraidh teacht ar réiteach idir leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí breacaosta agus ag an am céanna a chinntiú go sáróidh ár n-ioncam ár gcaiteachas le linn dúinn a bheith ag feidhmiú in earnáil árachais sláinte nach bhfuil ag tacú mar is cuí le baill níos sine dár sochaí ach atá ag leanúint le scothroghnú a spreagadh agus le tús áite a thabhairt d'iontrálaithe nua chuig an margadh seo.

Faoi láthair, caitheann Vhi Um Chúram Sláinte €1.3 billiún gan bliain ag freastal ar riachtanais chúraim sláinte a chustaiméirí. Faoi láthair táimid i mbun sa bhreis agus 80% de chaiteachas cúraim sláinte na hearnála árachais sláinte phríobháidigh a mhaoiniú agus tá 60% den sciar den mhargadh againn faoi láthair. Tá 878 duine fostaithe go díreach againn agus is é ioncam préimhe ár gcustaiméirí príomhfhoinsé maoinithe ár 9,000 fostaí in earnáil na n-ospidéal príobháideach agus foinsé maoinithe neamhdhírí 5,000 fostaí in earnáil na n-ospidéal poiblí. Faoi láthair tá 1.29 milliún custaiméir againn i gcomparáid le 1.51 milliún custaiméir dhá bhliain ó shin agus chomh maith leis sin tá níos mó custaiméirí againn a bhfuil 60 bliain d'aois slánaithe acu anois i gcomparáid le dhá bhliain ó shin.

Is léir dúshlán shuntasacha chúraim sláinte a bheith i ndán do Vhi Um Chúram Sláinte i bhfianaise aósú ár gcustaiméirí. Measaimid go gcaithfear i bhfad níos mó cúraim a sholáthar i réimsí cúraim sláinte criticiúla cosúil le hailse, cairdiach, ortaipéideach agus riochtaí ainsealacha a bhainistiú sna blianta amach anseo. Beidh gá leis an gcúram sláinte seo ar fad a mhaoiniú. Beidh sé fiordheacair é seo a dhéanamh ó tharla nach bhfuil an córas faoiseamh cánach reatha bainteach le haois ach 55% éifeachtach, rud a spreagann ár n-iomaitheoirí díriú ar chustaiméirí brabúsacha óga a mhealladh agus a choimeád agus mar sin árachú na mball níos sine den tsochaí a sheachaint, dream nach ionann iad agus foinsé brabúis ar ndóigh.

Torthaí Airgeadais

Is iad seo a leanas na príomhthorthaí airgeadais don bhliain 2010:

- Bhí an phréimh tuillte don dá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2010 cothrom le €1.335 billiún, méadú 1.6% ar an ioncam préimhe tuillte de €1.314 billiún an bhliain roimhe sin.
- Thairfead an gnó easnamh i ndiaidh cánach de €3.1 milliún in 2010 i gcomparáid le €41.7 milliún in 2009. Ainneoin gurb ionann é seo agus feabhas, fós féin thabhaíomar caillteanas frithgheallta €33m inár bpríomhghnó árachais sláinte agus ní mór dúinn anois farasbarr frithgheallta €30m, ar a laghad, a ghiniúint ionas go mbeimid inbhuanaithe.
- Bhí na héilimh ar fad a tabhaíodh i rith 2010 cothrom le €1.307 billiún. Is ionann an figiúr seo agus laghdú beagnach 1.4% ar an mbliain roimhe sin mar gheall ar laghduithe ar na rátaí a íocadh le hospidéal phríobháideacha (3%) agus táillí comhairleach (5% le héifeacht ó Iúil 09 agus 10% breise le héifeacht ó Iúil 10) agus ó tharla freisin nach raibh méadú ar bith le tabhairt faoi deara ar chostas leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí in 2010.
- Ciallaíonn ár gCóimheas Éileamh 95.1% (i gcomparáid le 98.7% in 2009) go n-íocann breis agus €95 ó gach €100 a fhaightear in ioncam préimhe as riachtanais chúraim leighis ár gcustaiméirí. Tá an cóimheas seo i bhfad níos airde ná cóimheas ár n-iomaitheoirí.
- Bhí ár gCostais Oibriúcháin cothrom le €90.3 milliún agus mar sin 2.2% faoi bhun na gcostas in 2009, figiúr a bhí 9% faoi bhun fhigiúr 2008. Tá ár gcostais oibriúcháin, mar chéatadán d'ioncam préimhe, i bhfad níos ísle ná costais ár n-iomaitheoirí.



In 2010 d'éagraigh Vhi um Chúram Sláinte sraith seimineár tuismitheoireachta saor in aisce ar fud na tíre, seimineáir a bhí faoi stiúir an tsaineolaí tuismitheoirí agus an tSíceolaí Chliniciúil aithnídiúil David Coleman. Bhí na seimineáir seo dírithe ar thuismitheoirí leanaí bunscoile, agus leagadh an-bhéim ar chomhairle agus ar shamplaí praiticiúla de na bealaí inar féidir le tuismitheoirí caidreamh níos fearr a chothú lena leanaí. Tá na himeachtaí mar chuid de thiomantas leanúnach Vhi um Chúram Sláinte rochtain ar eolas agus ar chomhairle ó shaineolaí a sholáthar dá chomhaltaí.

In 2010, cuireadh breis agus 67,000 glao ar phríomhsheirbhís eile do thuismitheoirí, NurseLine Vhi um Chúram Sláinte, ó chustaiméirí a raibh inní orthu faoina sláinte. Seirbhís rochtana teileafóin 24 uair an chloig ar altraí atá ann, atá ar fáil go speisialta do chustaiméirí Vhi um Chúram Sláinte. Bhain na ceisteanna ba choitianta a cuireadh le hurlacan, buinneach, teochtaí arda agus grís. Bhí an-tóir mar is iondúil ar sheirbhís tacaíochta toirchis NurseLine Vhi agus fuarthas beagnach 6000 glao agus chomh maith leis sin d'fhreagair mná cabhracha de chuid NurseLine Vhi um Chúram Sláinte beagnach 600 rphost i gcaitheamh na bliana.

Tacaíocht Tuismitheoireachta



Athbhreithniú na nOibríochtaí [AR LEAN]

- Tá an cóimheas idir na cúlchistí saora agus ioncaim préimhe (Cóimheas Sócmhainneachta) cothrom le 22.8% faoi láthair, méadú 0.5 % i gcomparáid le 2009. Bhí ár gcúlchistí saora cothrom le €308 milliún, figiúr atá i bhfad níos airde ná na figiúirí atá fógartha ag árachóir sláinte ar bith eile in Éirinn.

Rialú Costais

Le dhá bhliain anuas tá go leor déanta ag Vhi Um Chúram Sláinte chun srian a choinneáil ar na costais mhéadaitheacha a bhaineann le freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí. Ina measc seo áirítear:

- laghdú 15% ar tháillí comhairleach
- laghdú 6% ar tháillí na n-ospidéal príobháideach
- laghdú bliantúil €14 milliún ar chostais riaracháin inmheánacha.

D'ainneoin na mbeart seo, is léir go mbeidh méadú ar an méid cúraim sláinte a bheidh ag teastáil ónár gcustaiméirí in 2011 i gcomparáid le 2010. Ina theannta sin, ciallaíonn na méaduithe 21% a fógraíodh le déanaí in ospidéal poiblí go dtiocfaidh méadú €60 milliún ar ár gcostais chúraim sláinte in 2011 agus táimid eolach go bhfuil pleananna déanta freisin le tuilleadh méaduithe le haghaidh ospidéal poiblí in 2012.

I láthair na huaire, tá na costais riaracháin is ísle san earnáil seo, margadh árachais sláinte na hÉireann, ag Vhi Um Chúram Sláinte, rud atá inchomparáide freisin le hárachóirí sláinte príobháideacha idirnáisiúnta. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na costais uile agus táimid i mbun tionscnamh éagsúil rialaithe costais a chur bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

Aonad Imscrúdaithe Speisialta na nÉileamh (SIU)

In 2010, d'infheistigh Vhi Um Chúram Sláinte breis acmhainní in SIU agus chiallaigh an cur chun cinn leanúnach gur tháinig méadú suntasach ar an líon

cásanna a bhí á n-imscrúdú agus méadú gaolmhar ar an méid airgid a bhíothas á fhorchúiteamh ó sholáthraithe. Anuraidh, d'aisghabháil SIU breis agus €3.9 milliún agus rinne sé imscrúdú ar bhreis agus 2,000 cás a thionscain custaiméirí i ndáil le héilimh a íocadh ar a son.

Ba iad seo a leanas na haimhrialtachtaí ba choitinne a aithníodh:

- Táillí cóiríochta míchearta gearrtha ag ospidéal .i. táillí do sheomra príobháideach ach ba i seomra leathphríobháideach a bhí an t-othar.
- Táillí comhairleach míchearta .i. táillí gearrtha i ndáil le gnáthaimh mháinliachta a cuireadh ar ceal.
- Táillí príobháideacha d'othair ar cuireadh cóir leighis orthu in ospidéal poiblí.
- Sonraí míchearta á n-iontráil ar fhoirm éilimh ag soláthraithe.

Tá sé beartaithe againn cur le scóip SIU agus táimid muiníneach go mbeidh sé seo mar bhonn leis na coigiltis a bhfuil súil againn leo sna blianta amach romhainn.

Ag Maoiniú Riachtanais Chúraim Sláinte Ár gcustaiméirí in 2010

In 2010, chaith Vhi Um Chúram Sláinte beagnach €1.3 billiún ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí a mhaoiniú. Bhain ár gcaiteachas cúraim sláinte is suntasaí in 2010 le cóireáil na riochtaí seo a leanas:

- 1 Ailse & cúram gaolmhar – €227.9 milliún
- 2 Cúram ortaipéideach (athchur cromáin s.r.l. san áireamh) – €168.4 milliún
- 3 An croí & an córas imshruthaithe – €160.3 milliún
- 4 An córas díleáite – €122.8 milliún
- 5 Imscrúdú ar choinníollacha, siomptóim neamhshainithe – €107.8 milliún.



Is seirbhís chliniciúil nua nuálach é Vhi HomeCare atá ar fáil do chustaiméirí Vhi um Chúram Sláinte, seirbhís a sholáthraíonn cúram ospidéil sa bhaile do riochtaí éagsúla. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hothair fheiliúnacha a dteastaíonn cúram cliniúil sa bhaile uathu, lena n-áirítear teiripe infhéitheach antaibheathach, cóir leighis a fháil ó dhochtúirí agus ó altraí ina mbaile féin. Roimhe ní raibh an dara rogha ag othair mar seo ach dul chomh fada leis an ospidéal. Seoladh an tseirbhís seo ag tús na bliana 2010, agus tá breis agus 450 custaiméir i ndiaidh úsáid a bhaint aisti le 12 mí anuas, figiúr arb ionann é agus coigilteas beagnach 5,500 lá leapa ospidéil. Sa bhliain amach romhainn tá sé beartaithe ag Vhi um Chúram Sláinte cóir leighis a chur ar bhreis agus 1,000 custaiméir tríd an tseirbhís HomeCare, a bheidh mar bhonn le thart ar 10,000 lá leapa ospidéil a shábháil.



Vhi HomeCare

Athbhreithniú na nOibríochtaí [AR LEAN]

Áilse agus cúram gaolmhar in 2010

Is ionann cúram ailse agus ceann de na réimsí caiteachais is mó atá ag Vhi Um Chúram Sláinte. Is iad ár dtrí réimse caiteachais chúraim sláinte is mó a bhaineann le cúram ailse ná ailse chéiche, ailse chalaireicteach agus ailse phróstatach; réimsí arbh ionann iad agus thart ar 46% dár gcaiteachas iomlán ar chúram ailse.

- Bhí an caiteachas ar ailse chéiche in 2010 cothrom le €47.2 milliún thar ceann 3,129 custaiméir.
- Bhí an caiteachas ar ailse phróstatach in 2010 cothrom le €20.5 milliún thar ceann 2,086 custaiméir.
- Bhí an caiteachas ar ailse chalaireicteach in 2010 cothrom le €37.7 milliún thar ceann 2,185 custaiméir.

Cúram ortaipéideach in 2010

Is ionann cúram ortaipéideach agus an dara réimse caiteachais chúraim sláinte is mó do Vhi Um Chúram Sláinte.

- Bhí an caiteachas ar athchuir rchomáin in 2010 cothrom le €37.5 milliún thar ceann 2,996 custaiméir.
- Bhí an caiteachas ar athchuir ghlúine in 2010 cothrom le €29.9 milliún thar ceann 1,888 custaiméir.

An Croí agus an Córas Imshruthaithe

Bhí cúram cairdiach ar an tríú foinse caiteachais chúraim sláinte is mó do Vhi Um Chúram Sláinte. Seo thíos na cúig réimse is mó ar caitheadh airgead orthu mar chuid de chúram cairdiach in 2010:

- Angagrafaíocht – €32.2 milliún thar ceann 10,068 custaiméir.
- Angaplaiste – €21.9 milliún thar ceann 2,325 custaiméir.
- Seach-chonair – €16.2 milliún thar ceann 605 custaiméir.

- Séadairí, dífhibrileoirí san áireamh – €13.2 milliún thar ceann 1,099 custaiméir.

An Timpeallacht Rialála Pobalráitithe agus ag Maoiniú Riachtanais Chúraim Sláinte ár gCustaiméirí Breacaosta

Feidhm den phróiseas aosaithe den chuid is mó é caiteachas cúraim sláinte agus tá an meánchostas a bhaineann le freastal ar riachtanais chúraim sláinte duine atá 70 bliain d'aois beagnach deich n-oiread an meánchostas a bhaineann le freastal ar riachtanais chúraim sláinte duine atá 25 bliain d'aois. Ionas go bhfeidhmeoidh an timpeallacht pobalráitithe go sásúil, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir fhreastal ar an gcostas a bhaineann le riachtanais chúraim sláinte duine atá 25 bliain d'aois agus riachtanais chúraim sláinte duine atá 70 bliain d'aois ar shlí a chinnteoidh go mbeidh sé chomh tarraingteach céanna árachas sláinte a thairiscint ar dhuine atá 70 bliain d'aois agus ar dhuine 25 atá bliain d'aois.

I láthair na huaire tá an córas pobalráitithe á sheachadadh trí chóras faoisimh cánach bainteach le haois atá á mhaoiniú trí thobhach atá á ghearradh ar gach cuideachta árachais sláinte. Níl an córas reatha ach 55% éifeachtach agus, ainneoin go gcreideann an tÚdarás Árachas Sláinte go bhfuil sé 65% éifeachtach, is í fírinne an scéil ná go mbíonn agus ní bealach réasúnach é seo chun Timpeallacht Pobalráitithe a chothú agus baill níos sine den tsochaí a chosaint.

Is é a bhíonn mar thoradh lena leithéid sin de chur chuige ná go mbíonn brabús maith le déanamh as custaiméirí san aoisghrúpa 18-49 a chlúdach agus go mbíonn caillteanas i gceist le custaiméirí atá os cionn 70 bliain d'aois a chlúdach. Tá tionchar tar éis a bheith aige seo ar iompraíochtaí margaidh i gcás ár n-iomaitheoirí atá ag díriú ar dhaoine níos óga a mbaineann brabús leo agus táthar ag iarraidh daoine níos sine a sheachaint.



Measann Vhi um Chúram Sláinte go mbeidh sé riachtanach céatadán suntasach d'ioncam préimhe a chustaiméirí a chur i dtreo cúram pobalbhunaithe, seirbhísí coisctheacha agus seirbhísí bainistíochta do ghalair ainsealacha sna blianta amach romhainn. Mar chuid den straitéis seo, tá forbairt déanta ag Vhi ar dhá chlinic scagthástála míochaine a dhíreoidh ar dtús ar mheasúnú a dhéanamh ar riosca cardashoithíoch agus ar riosca Chineál II Diaibéiteas. Go dtí seo, tá scagthástáil saor in aisce déanta ag Vhi ar bheagnach 15,000 custaiméir. Tugann torthaí na scagthástálacha seo le fios go bhfuil thart ar 12% dár gcustaiméirí san aoisraon 45-75 i mbaoil Cineál II Diaibéiteas a fhorbairt agus d'fhéadfadh an riocht a bheith ar thart ar 2% acu cé nach raibh sé diagnóisithe roimhe seo. I bhfianaise na dtorthaí seo, tá sé beartaithe ag Vhi seirbhísí idirghabhála stíle maireachtála a fhorbairt agus é mar aidhm stádas sláinte ár gcustaiméirí ardriosca a fheabhsú.

Clár Scagthástála de chuid Vhi um Chúram Sláinte

Athbhreithniú na nOibríochtaí [AR LEAN]

	Aoisraon 18 – 49	Aoisraon 70+	Cóimheas idir Bhrabúsach/ Caillteanais Shuntasacha
Vhi um Chúram Sláinte	549,000	129,000	4.3:1
Iomaitheoirí	430,000	13,000	33:1

Tá léargas le fáil thuas ar an gcóimheas ábhartha idir dhaoine óga brabúsacha agus dhaoine breacaosta a mbaineann caillteanais shuntasacha lena gcur faoi árachas.

Chiallaigh mí-éifeachtacht an chórais faoisimh cánach bainteach le haois, sulaa cuireadh na méaduithe is déanaí ar phraghsanna i bhfeidhm, go mbeadh Vhi Um Chúram Sláinte ag déileáil le caillteanais €110m i gcás na gcustaiméirí sin a bhí os cionn 70 bliain d'aois agus go mbeadh a chuid iomaitheoirí ag déileáil le caillteanais €8m.

Is ina bhfianaise seo nach raibh an dara rogha ag Vhi Um Chúram Sláinte ach an praghas a bhain le Plean B agus Roghanna Phlean B a mhéadú faoi 35% agus 45% faoi seach. In ainneoin na méaduithe seo, beidh caillteanais shuntasacha fós le n-íoc ag Vhi Um Chúram Sláinte i ndáil lena chustaiméirí a bheidh os cionn 70 bliain d'aois in 2011 agus beidh sé riachtanach an costas a bhaineann le Plean B agus le Roghanna Phlean B a mhéadú níos mó fós in 2012 mura ndéanfar an faoiseamh cánach bainteach le haois ag an bhfoinse a mhéadú chuig leibhéal a chiallóidh nach mbeidh caillteanas suntasach ag baint le baill breacaosta.

Ní mór do Vhi Um Chúram Sláinte inbhuanaitheacht a chinntiú beag beann ar éifeachtacht an chórais faoisimh cánach bainteach le haois ach is é ár mórmhian go mbeadh margadh ceart pobalráitithe ann. Cuireadh tús leis na bplé faoin ngá a bhí le scéim um Chothromú Riosca ar dtús beagnach fiche bliain ó. De bhrí nár cuireadh a leithéid de chóras i bhfeidhm d'éirigh le Bupa sárbrabúis a dhéanamh roimh an margadh a fhágáil in 2007 agus ceadaítear do Aviva Um Chúram Sláinte

brabúis bhliantúla sa bhreis ar €22m a dhéanamh in 2010 ainneoin go bhfuil a chóimheas costais oibriúcháin/ioncaim cothrom le breis agus ceithre huaire costais Vhi Um Chúram Sláinte agus go raibh thart ar 270,000 custaiméir acu in 2010.

Cúram Pobalbhunaithe, Seirbhísí Coisctheacha agus Seirbhísí Bainistíochta do Ghalair Ainsealacha

Measann Vhi Um Chúram Sláinte go mbeidh sé riachtanach céatadán suntasach d'ioncam préimhe a chustaiméirí a chur i dtreo cúraim phobalbhunaithe, seirbhísí coisctheacha agus seirbhísí bainistíochta do ghalair ainsealacha sna blianta amach romhainn. Chomh maith leis sin, creidimid go mbeidh sé riachtanach athrú ó sheirbhísí ospidéal-bhunaithe a mhaoiniú go feidhmiú mar pháirtí cúraim sláinte dár gcustaiméirí. Níl aon rud nua ag baint le cur chuige den chineál seo ó tharla straitéisí den chineál céanna anois a bheith ag na hárachóirí sláinte is mó sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus san Ollainn agus roinnt de na hárachóirí sláinte sna Stáit Aontaithe nach bhfuil sé mar aidhm acu brabús a dhéanamh.

Le blianta beaga anuas, tá roinnt réamhoibre déanta againn. Tá forbairt déanta againn, ar bhonn comhpháirtíochta, ar thrí chlinic Vhi SwiftCare a chuireann cóir leighis ar thart ar 70,000 duine gach bliain agus táimid anois ag soláthar páirtchumhdaigh don tseirbhís seo inár bpleananna Parents & Kids, LifeStages agus inár bpleananna Corparáideacha.

Chomh maith leis sin, tá forbairt déanta againn ar dhá chlinic scagthástála míochaine a dhíreoidh ar dtús ar riosca cardashoithíoch agus ar mheasúnacht riosca ar Dhiabéiteas Cineál II.



Is éard atá i gClinicí Vhi SwiftCare ná ionaid chúraim éigeandála, siúl isteach, atá á rith mar chomhfhiontar idir Vhi um Chúram Sláinte agus Centric Health, cuideachta mhíochaine chúraim phríomhúil. Tá sé mar aidhm leis na Clinicí cóir leighis a chur ar othair a bhfuil mionghortaithe agus miontinnis ag cur isteach orthu laistigh d'uair an chloig. Osclaíodh an chéad Chlinic Vhi SwiftCare in 2005 agus faoi láthair tá trí chlinic ar fud na tíre, dhá chlinic i mBaile Átha Cliath (Dún Droma agus Sord) agus clinic amháin i gCorcaigh (Baile ó gCathaigh Thiar, Machain). D'éirigh thar barr leis na clinicí agus cuireadh cóir leighis ar thart ar 70,000 othar in 2010. Mar aon le seirbhísí éigeandála cúraim a sholáthar tá seirbhísí breise lena dteastaíonn coinne ar fáil i gClinicí Vhi SwiftCare freisin, lena n-áirítear rochtain ar Chomhairligh Ortaipéideacha, ar fhisiteiripe, ar fhioclóireacht ghinearálta agus ar sheirbhísí péidiatraiceacha.

Clinicí Vhi SwiftCare



Athbhreithniú na nOibríochtaí [AR LEAN]

Ba í an chúis a bhí leis seo gur féidir na riochtaí seo a chosc trí nósanna maireachtála a athrú. Is léir ó thaighde atá déanta le déanaí go maireann daoine a bhfuil Diaibéiteas Cineál II acu sé bliana níos lú, ar an meán, ná daoine nach bhfuil an riocht seo orthu.

Go dtí seo, tá scagthástáil saor in aisce déanta againn ar bheagnach 15,000 custaiméir agus tá an tseirbhís scagthástála folláine seo ar fáil anois do chustaiméirí a cheannaíonn ár bPleananna traidisiúnta B - E. Tugann torthaí na scagthástálacha seo le fios go bhfuil thart ar 12% dár gcustaiméirí san aoisraon 45-75 i mbaol Diaibéiteas Cineál II a fhorbairt agus d'fhéadfadh an riocht a bheith ar thart ar 2% acu cé nach raibh sé diagnóisithe roimhe seo. I bhfianaise na dtorthaí seo, tá sé beartaithe againn seirbhísí idirghabhála stíle maireachtála fhorbairt agus é mar aidhm againn stádas sláinte ár gcustaiméirí ardriosca a fheabhsú. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn ár bpacáistí scagthástála agus folláine a leathnú sna blianta amach romhainn.

Ina theannta sin, táimid i ndiaidh tús a chur le seirbhís ospidéal sa bhaile agus táimid ag súil le cóir leighis a chur ar bhreis agus 800 custaiméir ina mbaile féin in 2011. Go dtí seo, bhí roinnt deacrachtaí againn le hospidéal phoiblí i dtéarmaí ár gcustaiméirí a threorú i dtreo na seirbhíse seo ach d'ainneoin na ndeacrachtaí beaga seo tá súil againn gur seirbhís thábhachtach a bheidh inti sna blianta amach romhainn. In 2011, tá sé beartaithe againn an tseirbhís a leathnú agus tús a chur le monatóireacht a dhéanamh ar othair a bhfuil cliseadh ainsealach croí orthu i ndiaidh cóireála a bheith curtha orthu san ospidéal agus é mar aidhm againn an líon athiontrálacha a laghdú. Bunaithe ar an bhforbairt a bhfuiltear ag súil leis sa líon custaiméirí a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu, creidimid go mbainfidh fíorthábhacht le seirbhísí pobalbhunaithe a sholáthar sna blianta amach anseo.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn seirbhís cúraim tánaisteach phobalbhunaithe a fhorbairt do leanaí in 2012.

Gnó Éagsúlaithe

Le blianta beaga anuas, bhí Vhi Um Chúram Sláinte dírithe ar nuálaíocht agus raon níos leithne táirgí agus seirbhísí a sholáthar aige. Áirítear i measc na dtáirgí agus na seirbhísí seo:

MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte

Seoladh MultiTrip ó Vhi Um Chúram Sláinte i mí Feabhra 2004 agus níor thóg sé i bhfad air forbairt ina cheannaire margaidh in earnáil an árachais taistil iltaistil le beagnach 31% de sciar an mhargaidh agus beagnach 340,000 custaiméir. Theastaigh cóir leighis éigeandála ó bhreis agus 5,500 custaiméir de chuid Vhi Um Chúram Sláinte in 2010, agus bhí tréimhse san ospidéal i gceist le 1,600 éileamh agus beagnach 400 aisdúichiú.

Global ó Vhi um Chúram Sláinte

Tairgeann Our Global árachas easaoránaigh do na mílte custaiméirí de chuid Vhi Um Chúram Sláinte atá aistrithe thar lear chun dul i mbun staidéir, maireachtála nó oibre le haghaidh breis agus sé mhí. Ba é Vhi Global ár gcéad táirge éagsúlaithe, táirge a seoladh breis is 10 mbliana ó shin.

Vhi DeCare Dental

Is é Vhi DeCare Dental an chéad agus an t-aon scéim árachais fiaclóireachta neamhspleách in Éirinn, agus mar chuid den scéim seo seoladh táirge céaduaire nua ar a dtugtar Vhi DeCare Dental Starter in Aibreán 2010. Ar chostas chomh beag le €10 sa mhí, tairgeann an Plean seo cumhdach fiaclóireachta bunúsach ar bhonn leathan agus ní bhíonn tréimhse feithimh ar bith i gceist. Cuireann an táirge seo go mór leis an raon buntáistí atá ar fáil do chustaiméirí san earnáil ÁSPC, i bhfianaise na n-athruithe ar theidlíocht fiaclóireachta a fógraíodh i mBuiséad 2009.



Mar chuid dá urraíocht ar Mhí Feasachta na hAilse Cíche 2010 Chumann Ailse na hÉireann, reáchtáil Vhi um Chúram Sláinte feachtas an-rathúil ar a tugadh Send A Ribbon. Iarradh ar bhaill den phobal ribíní bándearga a sheoladh chuig cairde, gaolta agus daoine muinteartha i rith mhí Dheireadh Fómhair trí www.sendaribbon.ie, agus é mar aidhm acu €100,000 a bhailiú. Ba í Sally Dynevor ó Coronation Street, a raibh ailse ar a carachtar sa sobaldráma, a sheol an feachtas. I gcomhtharlú aisteach, fuair an t-aisteoir amach, thart ar an am céanna agus a raibh ailse ar a carachtar in Coronation Street go raibh ailse chíche uirthi féin freisin. D'éirigh thar barr leis an bhfeachtas 2010 Send A Ribbon agus seoladh breis agus 365,000 ribín chuig mná ar fud na hÉireann.

Mí Feasachta na hAilse Cíche

Athbhreithniú na nOibríochtaí [AR LEAN]

Réitigh Chorporáideacha Vhi

Tairgimid raon seirbhísí agus réiteach ardchaighdeán ar cheisteanna sláinte agus folláine fostaithe do na céadta cuideachta thar réimse leathan tionscal. I rith 2010, bhain 250,000 duine tairbhe as rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta, ar fhaisnéis dlí agus airgeadais agus ar mhórán seirbhísí tacaíochta eile d'fhostaithe le cabhrú leo déileáil leis na héifeachtaí is measa a bhain le saincheisteanna cosúil le hiomarcaíocht, athruithe ar chleachtais oibre, ciorruithe pá, sochair á mbaint, reo pá agus uaireanta oibre laghdaithe. Ba léir dár seirbhísí Sláinte Ceirde méadú suntasach a bheith tagtha ar an líon atreuithe neamhláithreachta agus bhain an céatadán is airde le strus. D'éirigh go maith le comhtháthú ár gClár um Shláinte Cheirde agus um Chúnamh d'Fhostaithe déileáil leis na ceisteanna seo.

Acmhainní Daonna

I bhfianaise na béime a leagann Vhi Um Chúram Sláinte ar sheachfhoinisí a chuid phríomhghníomhaíochtaí cosúil le próiseáil éileamh, teagmhálacha le custaiméirí, riaradh polasaithe agus bainistiú scéime grúpa a sheachaint; tá infheistíocht shuntasach déanta ag an eagraíocht in oiliúint agus i bhforbairt a 878 fostaí (coibhéiseach lánaimseartha) atá lonnaithe in ocht n-ionad éagsúil ar fud na hÉireann. Measann Vhi Um Chúram Sláinte go ndéanann a chuid fostaithe difear mór sa tseirbhís a sholáthraítear do chustaiméirí agus go mbaineann rithábacht le foireann lánoilte agus inspreagtha más mian le Vhi Um Chúram Sláinte leanúint le gnó a bhuachan agus a choinneáil anois agus sna blianta amach romhainn.

Urraíocht

Ba é 2010 an cúigiú bliain as a chéile a reáchtáladh Campaí Cúl CLG Vhi inar ghlac 80,000 leanbh páirt i 1,000 campa ar fud na tíre.

I mí Dheireadh Fómhair, d'oibrigh Vhi Um Chúram Sláinte i gcomhar le Cumann Ailse na hÉireann chun feasacht a mhéadú agus airgead a bhailiú d'Ailse Chíche trí fheidhmiú mar phríomhurráitheoir Mhí Feasachta na hAilse Chíche. Ba í Sally Dynevor ó Coronation Street, a bhí imithe faoi chóireáil le déanaí le haghaidh ailse chíche, a sheol Feachtas Send A Ribbon de chuid Vhi Um Chúram Sláinte agus mar chuid den fheachtas seo seoladh 365,000 ribín fíorúil le linn na míosa, a chuir ar chumas Vhi Um Chúram Sláinte síntiús €100,000 a thabhairt don taighde ar ailse.

Forbhreathnú

Mar a luadh ag tús an athbhreithnithe seo, táimid cinnte go bhfuil bliain dhúshlánach eile romhainn in 2011. Is é an rud is tábhachtaí a bheidh le déanamh againn ná díriú ar an mbealach is fearr chun riachtanais mhéadaitheacha chúraim sláinte ár gcustaiméirí a mhaoiniú i margadh ina bhfuil brabús le déanamh as custaiméirí óga agus caillteanas le déanamh as custaiméirí níos sine. Mar a luaigh an Cathaoirleach, níl an tréith seo ag teacht le cuspóirí an mhargaidh phobalráitithe inar cheart riosca a chothromú.

Guímid gach rath ar an Rialtas nua agus tuigimid go bhfuil spriocanna uaillmhianacha sonraithe acu do chóras cúraim sláinte na hÉireann i gcoitinne agus creideann Vhi Um Chúram Sláinte go mbeidh ar a chumas ról suntasach a bheith aige i maoiniú agus i seachadadh seirbhísí cúraim sláinte den scoth dá chustaiméirí.



Jimmy Tolan

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá an-áthas ar na Stiúrthóirí an 54ú Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá Cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara arbh ionann iad agus cuid de na Cuntais sin curtha san áireamh sa tuarascáil seo, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus cloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

1. Príomhghníomhaíochtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú ag an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais a sholáthar don chúram sláinte príobháideach, á chur i bhfeidhm ar bhonn cúnaimh frithpháirtigh.

2. Torthaí

Tá na torthaí don 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2010 leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí na Todhchaí

Tá athbhreithniú ar ghnó a rinneadh i rith na bliana, chomh maith le tuairimí an Bhoird ar fhorbairtí dóchúla amach anseo le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh.

4. Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá dualgas ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais, ráitis a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá dualgas ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le beachtas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1996. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin, céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail an Rialachais Chorporáidigh atá mínithe sa Chomhchód Rialachais Chorporáidigh. Rinne an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais leasú ar an gComhchód Rialachais Chorporáidigh i Meitheamh 2008. Ainneoin nach cuideachta liostaithe é ann féin, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha an Chóid atá infheidhme.

Tuarascáil na Stiúrthóirí [AR LEAN]

Measann na Stiúrthóirí go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an mBord chun cloí leis na forálacha atá leagtha amach in alt 1 den Chomhchód: Cód Rialachais Chorporáidigh agus Cód Dea-Chleachtais, ach amháin maidir le ceapadh agus téarmaí oifige Stiúrthóirí, atá faoi chúram an Aire Sláinte agus Leanaí. Chuige seo, níl Coiste Ainmniúcháin nó Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ag an mBord.

Bord Stiúrthóirí

Tá ról an Chathaoirleach agus an Phríomh-Fheidhmeannaigh ar leithligh óna chéile. Ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin uile le haghaidh téarmaí oifige 5 bliana.

Tagann an Bord le chéile seacht n-uaire ar a laghad in aghaidh na bliana agus coinnítear sceideal

foirmiúil ábhar go sonrach dó chun cinntí a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear an plean straitéiseach foriomlán, buiséid bhliantúla, cuntais agus tuarascáil bhliantúil agus mórghníomhaíochtaí corporáideacha a fhaomhadh. Seoltar páipéir Bhoird chuig gach comhalta in am tráthúil roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus treoir oiriúnach ar fáil do na Stiúrthóirí uile nuair a ceaptar chuig an mBord iad, le tuilleadh oiliúna ar fáil ina dhiaidh sin, de réir mar is gá. Tá nósanna imeachta dréachtaithe ag an mBord do Stiúrthóirí chomh maith chun glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách. Tá rochtain ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá clúdach árachais dliteanais Stiúrthóra i bhfeidhm ag an mBord. Tá próiseas curtha i bhfeidhm ag an mBord chun measúnú a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta.

Freastal ar Chruinnithe Boird a tionóladh i rith na bliana airgeadais

	Bord	Iniúchadh	Luach Saothair	Infheistíocht	Sócmhainneacht	Straitéis
Bernard Collins*	8		3			4
Gillian Bowler	5		3			
Humphrey Murphy	7		3			
Liam Twohig**	7	4		1		
Criostóir Ó Cuana	7	2				
Cathal Magee (Ar Scor Meitheamh 2010)	2	1	2			3
Karen Hickey-Dwyer	6	3				
David Went (Ar Scor Bealtaine 2010)	3					4
Jimmy Tolan	8			1	1	4
Declan Moran	8					4
Celine Fitzgerald (Ceaptha Feabhra 2010)	7	3				
Seamus Creedon (Ceaptha Feabhra 2010)***	7				1	2
Liam Downey (Ceaptha Deireadh Fómhair 2010)	2					
Cathriona Hallahan (Ceaptha Samhain 2010)	1					

* Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair

** Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta

*** Cathaoirleach an Choiste Sócmhainneachta

Tabhair faoi deara: Chuaigh Jim Kelly agus Julia Neuberger ar scor ar an 31 Eanáir 2010

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socruithe atá i bhfeidhm a cheadaíonn d'fhostaithe aon ábhair is cúram dóibh maidir le héagóracha féideartha i dtuairisciú airgeadais nó i gcúrsaí eile a ardú. Más gá, cinnteoidh sé go ndéanfar imscrúdú cuí agus go leanfaidh an ghníomhaíocht leantaigh uaidh sin.

Coiste Iniúcháireachta

Tá Coiste Iniúcháireachta ceaptha ag an mBord ar a bhfuil ceathrar Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus déantar athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, rialú inmheánach agus cúrsaí comhlíonta agus éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Tugann comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta aghaidh chomh maith ar shaincheist an riosca, d'fhonn a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta na bainistíochta riosca agus prótacail tuairiscithe i bhfeidhm. Déanann an Coiste Iniúcháireachta moltaí don Bhord maidir le ceapachán an n-iniúcháirí seachtraigh agus déanann sé measúnú ar a n-oibiachtúlacht agus neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean agus ar na torthaí iniúcháireachta seachtrach ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomh-róil agus freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ar iarratas.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta chun a chinntiú nach ndéantar comhghéilleadh ar neamhspleáchas an iniúchta, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar nádúr agus réim na seirbhísí curtha ar fáil ag iniúcháirí seachtracha trína athbhreithniú bliantúil ar tháillí a íoctar le hiniúcháirí seachtracha ar sheirbhísí iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta.

Coiste Luach Saothair

Tá Coiste Luach Saothair ceaptha ag an mBord chomh maith a chuimsíonn an Cathaoirleach agus triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tá an coiste freagrach as iarrthóirí a mholadh do cheapacháin bhainistíochta sinsearaí agus beartais luach saothair.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí an Rialaithe Inmheánaigh: Treoir do Stiúrthóirí maidir leis an gComhchód (Treoir Turnbull) a foilsíodh i Meán Fómhair 1999 agus a leasaíodh in 2005.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid éifeachtachta agus comhlíonann siad an fhreagracht seo trí chruinnithe rialta an Choiste Iniúcháireachta. Tá freagracht i leith cur i bhfeidhm an chórais seo sannta acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin.

Tugann an córas rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, go gcosnófar sócmhainní in aghaidh úsáide nó rialaithe neamhúdaraíthe agus go ndéanfar cothabháil ar thaifid chuntasaíochta chuí agus dearbhú d'iontaofacht na faisnéise a sholáthraíonn siad, le haghaidh úsáide inmheánaigh agus foilsithe araon.

Is iad príomhghnéithe an chórais ná:

- beartais, nósanna imeachta agus struchtúir eagrúcháin fhoirmiúla i bhfeidhm a thacaíonn le timpeallacht rialaithe láidir a choinneáil;
- áiríonn an straitéis gnó, an próiseas pleanála agus buiséadach anailís ar na mór-rioscaí gnó a théann i bhfeidhm ar an eagraíocht. Is próiseas leanúnach é measúnú riosca ar a leagann an Bord béim shuntasach;
- táirgtear sraith táscairí feidhmíochta agus faisnéise bainistíochta go pras ar bhonn míosúil. Cheadaíonn sé seo do mhonatóireacht ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí níos fadtéarmaí agus buiséid bhliantúla, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus gníomhú ar éagsúlachtaí. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus tugtar suas chun dáta go rialta iad;

Tuarascáil na Stiúrthóirí [AR LEAN]

- déantar doiciméadú ar nósanna imeachta cuntasáíochta, sainmhíniú ar thimthriallta idirbheart, mionsonrú ar amchláir chuntasáíochta, rialú ar chomhéadain uathoibrithe, cuirtear próisis athbheithnithe agus réitigh i gcrích, leithscartar dualgais agus seiceáiltear teorainneacha údaraithe. Tá freagracht as na mórfheidhmeanna gnó uile leithdháilte ar chomhaltaí fhoirne cáilithe le taithí acu.
- ullmhaíonn feidhm na hIníúcháireachta Inmheánaigh an plean Iníúcháireachta Inmheánaigh agus faomhann an Coiste Iníúcháireachta é. Tuairiscíonn an tIníúchadh Inmheánach don Choiste Iníúcháireachta ar bhonn leanúnach.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh cuntais an Bhoird ar bhonn gnóthais leantaigh agus, tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, agus go bhfuil dóthain acmhainní aige leanúint de bheith ag feidhmiú sa todhchaí is intuatha. Ag teacht ar an tuairim seo, measann na Stiúrthóirí go bhfuil sé feiliúnach a leithéid a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2011 agus pleananna meántréimhseacha an Bhoird. Tá oibleagáid reachtúil ar an mBord a chinntiú go dtuillann Vhi um Chúram Sláinte dóthain cistí sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh le freastal ar riachtanais an ghnó. Gan athchóiriú rialála leordhóthanach ní raibh agus ní bheidh sé de rogha ag an mBord ach straitéisí malartacha a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

6. Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá na leibhéil bhliantúla luacha saothair don Chathaoirleach agus don Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin socraithe ag €21,600 agus ag €12,600 faoi seach ag an Rialtas. Ní fhaigheann Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

aon luach saothair eile ná ní bhíonn aon chomhaontuithe seirbhíse nó conarthaí acu leis an mBord.

7. Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann anois ar chuideachtaí cur síos a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá os a gcomhair. In ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir forálacha dlí cuideachta, measann na Stiúrthóirí gur rialachas corparáideach fóna atá i gceist lena leithéid de chur síos a sholáthar.

Na príomhrioscaí atá os comhair an ghnó ná:

- a) inbhuanaitheacht de chuid mhargaidh árachais sláinte phríobháidigh phobalráitithe agus brú suntasach a bheith ann maidir le costais:
 - (i) treochtaí déimeagrafacha ó tharla costais árachais sláinte phríobháidigh a bheith ag ardú mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois;
 - (ii) cúrsaí eacnamaíocha - a chiallaíonn nach bhfuil ar chumas roinnt mhaith daoine óga íoc as árachas sláinte phríobháidigh níos mó;
 - (iii) méadú ar leibhéil acmhainne agus ar líon cóireálacha, rud atá mar bhonn le costais a bheith ag méadú;
 - (iv) táillí in ospidéal phoiblí, atá bunaithe go hiomlán ar chinneadh an rialtais;
 - (v) boillsciú leanúnach ar chostais leighis, atá ag eascairt ó fhorbairt teicneolaíochtaí, drugaí, cóireálacha nua s.r.l.;
 - (vi) méadú suntasach ar an líon leapacha príobháideacha, ó tharla gur tréith den mhargadh cúraim sláinte é go dtiocfaidh méadú ar éileamh ionas go mbeidh sé ag teacht le soláthar.

b) inbhuanaitheacht de chuid Vhi um Chúram Sláinte, ag eascairt ó neamhchinnteacht maidir le meicníocht inbhuanaithe a bheidh in ann tacú go hiomlán le daoine scothaosta.

In 2009, bunaíodh an tAcht Árachais Sláinte Leasaithe (Forálacha Ilghnéitheacha) agus sonraíodh mar cheann dá chuspóirí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus árachas sláinte pobalráitithe a fheabhsú.

Cuireadh tús faoin Acht seo le scéim a áiríonn tobhach ar chonarthaí árachais sláinte phríobháidigh ar mhaithe le ciste a chruthú ar a dtabharfar Faoiseamh Cánach bainteach le hAois ag an bhFoinse (ARTRS) a úsáidfear chun na costais árachais a bhaineann le daoine breacaosta a íoc. Cumadh na rátaí a ríomhadh (féach an tábla thíos) d'fhonn 50% den riosca a chúiteamh, agus is é atá mar thoradh leis seo fiú amháin i ndiaidh an leas a bhaineann le ARTRS a chur san áireamh, ná gur thabhaigh Vhi um Chúram Sláinte caillteanas €180m mar gheall ar riachtanais chúraim sláinte ár gcuid custaiméirí breacaosta a íoc (280,000 custaiméir os cionn 60 bliain d'aois). Ní chúiteoidh na rátaí atá molta le haghaidh 2011 ach 55% den riosca agus ní bheidh dóthain airgid ann le tacú leis na caillteanais a tabhaíodh le linn a bheith ag freastal ar riachtanais cúraim sláinte ár gcustaiméirí níos sine.

Chomh maith leis sin, tá an tAcht dréachtaithe ar an mbonn gur beart eatramhach (trí bliana) é agus níl aon chinnteacht i leith cad a tharlóidh nuair a bheidh na trí bliana sin caite.

II. D'fhógair an Rialtas sraith chuimsitheach bheart ar an 27 Bealtaine, 2010 a d'áirigh, inter alia:

- scéim nua um chothromú riosca (CR) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in 2013
- socruithe nua idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm ó 2012 ar aghaidh a bheidh ag teacht go dlúth le héifeacht na scéime CR
- infheistíocht chaipitiúil shuntasach a dhéanamh i Vhi d'fhonn faomhadh rialála a fháil láithreach bonn
- eagrú díolacháin Vhi; le ceapadh comhairleoirí airgeadais chun comhairle a thabhairt maidir le struchtúrú agus seicheamhú
- sa chomhthéacs sin, imscrúdú a dhéanamh ar bhearta a bheadh mar bhonn le cothromaíocht níos fearr custaiméirí a bhaint amach i measc cuideachtaí sa mhargadh
- gníomhartha eile a bheadh dírithe ar iomaíocht agus ar rogha sa mhargadh a fheabhsú.

	Tobhach			Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois			
	Iarbhír 2009	Iarbhír 2010	Molta 2011	Aois ag am Athnuachana	Iarbhír 2009	Iarbhír 2010	Molta 2011
In aghaidh an Linbh (faoi 18)	€53	€55	€66	50 - 59	€200	€200	-
In aghaidh an Duine Fásta	€160	€185	€205	60 - 69	€500	€525	€625
				70 - 79	€950	€975	€1,275
				80 +	€1,175	€1,250	€1,725

Tuarascáil na Stiúrthóirí [AR LEAN]

III. D'éiligh an tAire Sláinte agus Leanaí go mbeadh Vhi um Chúram Sláinte in ann iarratas a chur faoi bhráid Bhanc Ceannais na hÉireann mar árachóir údaraithe faoin 1 Eanáir 2012. Agus an t-iarratas á mheas ag Banc Ceannais na hÉireann, cuirtear roinnt tástálacha i gcrích, lena n-áirítear, inter alia;

- a) leorgacht an leibhéil sócmhainneachta reatha
- b) leorgacht an tseasaimh mheántréimhsigh shócmhainneachta bunaithe ar chás doirbh cúig bliana
- c) Ní mór do Vhi um Chúram Sláinte a dhóthain caipitil a bheith aige chun Banc Ceannais na hÉireann a shásamh sa chás nach gcuirtear meicníocht chuimsitheach níos buaine i bhfeidhm in ionad an bhirt eatramhaigh.

IV. Faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 tá cumhachtaí tráchtála breise ag Vhi um Chúram Sláinte, ach ní bheidh siad seo i gceist ach amháin i ndiaidh faomhadh agus ceadúnú a fháil ó Bhanc Ceannais na hÉireann (féach III thuas).

Baineann Vhi um Chúram Sláinte úsáid as roinnt Príomhtháscairí Feidhmíochta i gcaitheamh a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

8. Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála), 2002). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar a bhfuil sonraisc dlí le híoc agus ar a bhfuil íocaíochtaí le déanamh ar dátaí dá leithéid a aithint, agus dá réir sin, tá an

Bord sásta bhfuil go bhfuil riachtanais na Rialachán comhlíonta ag an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

9. Fo-ghnóthais agus Gnóthais Ghaolmhara

Liostaítear fo-ghnóthais agus gnóthais eile an Bhoird ar an 31 Nollaig 2010, i nóta 24.

10. Leabhair Chuntais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh é seo amach trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais chuntasáíochta chuí a choimeád. Tá na leabhair chuntais suite i gceannoifig an Bhoird ag Teach VHI, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.


11. Iniúcháirí

Tá na hiniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, ar fáil lena n-atoghadh de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

23 Márta 2011

Tuarascáil na nIniúcháirí

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig Stiúrthóirí Boid an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don tréimhse dár críoch an 31 Nollaig 2010 iniúchta againn a áiríonn Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhadh Airgid, Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta, ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara 1-25. Ullmháid na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta.

Cuirtear an tuarascáil ar fáil do Stiúrthóirí Bhord an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, de réir Alt 19 den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá an obair iniúchta seo curtha i gcrích ionas gur féidir linn nithe nach mór dúinn a chur in iúl do na Stiúrthóirí a chur ar fáil i dtuarascáil na n-iniúcháirí agus chuige sin amháin. Chomh fada agus atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlactar ná ní ghabhtar freagracht chugainn féin as ucht duine ar bith seachas an Bord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht dár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá curtha i dtoll a chéile againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí Faoi Seach

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, faoi mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, na ráiteas airgeadais úd a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus caighdeán chuntasaíochta eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn). Táthar freagrach, mar iniúcháirí neamhspleácha, as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscítear ár dtuairim daoibh maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, agus atá ullmhaithe go cuí de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

Déantar athbhreithniú ar cibé an léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh comhlíonadh deonach an Bhoird de naoi bhforáil na gCód FRC arna sonraíodh dár n-athbhreithniú agus déanfar tuairisciú mura léirítear amhail. Níl sé de dhualgas orainn tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Bhoird nó ar a chuid rialuithe inmheánacha.

Léitear an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus déantar breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil féin má thugtar aon mhíríteas dealraitheach nó neamhréireachtaí ábhair maidir leis na ráitis airgeadais faoi deara. Is éard atá san eolas eile ná Tuarascáil an Stiúrthóra, a áiríonn ráiteas ar rialachas corparáideach, Ráiteas an Chathaoirigh, an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí agus na Torthaí agus na Graif Chomparáideacha. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le faisnéis eile.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Chuathas i mbun ár gcuid iniúchtaí gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na breithiúnais agus meastacháin suntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais agus ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach.

Tuarascáil na nIniúcháirí [AR LEAN]

Rinneadh ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur shíleamar a bheith riachtanach d'fhonn sinn a sholáthar le leorfhianaise chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh siad mar thoradh ar chalaois nó mírialtacht nó botún eile. Agus ár dtuairim á fhoirmiú againn, rinneadh measúnú ar leorgacht cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Béim ar Ábhar – Cothromú Riosca agus Riachtanas Sócmhainneachta

Gan ár dtuairim a cháiliú, tá breithmheas déanta againn ar na nochtaí i Nótaí 1, 3 agus 25 a bhaineann le hinbhuanaitheacht airgeadais an Bhoird, an gá atá le scéim bhuan um chothromú riosca a chur in ionad an bhirt eatramhaigh agus an riachtanas nach mór go mbeadh ar chumas an Bhoird iarratas a dhéanamh ar cheadúnas árachais ó Bhanc Ceannais na hÉireann faoin 1 Eanáir 2012. Measann an Bord, gan athchóiriú rialála leordhóthanach nach mbeidh an dara rogha ag an mBord ach a mhalairt de straitéisí a chur i bhfeidhm a bheidh mar bhonn le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla an Bhoird. Measaimid gur cheart bhur n-aird a dhíriú ar na ceistanna sin.

Tuairim

Táimid den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis Go Ginearálta in Éirinn agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996, ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar an easnamh don bhliain dár críoch sin.

Deloitte & Touche

*Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath*

23 Márta 2011

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta ar Chuntasaíocht i nGnó an Árachais (SORP) arna ghlacadh ag Cumann Árachóirí na Breataine.

Is iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasaíochta a nglactar leo:

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na cuntais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil na n-infheistíochtaí. Éilíonn ullmhú na gcuntas de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta, go ndéanfaí breithiúnas le linn beartas cuntasaíochta an Bhoird a chur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin suntasach i leith na gcuntas, go príomha le soláthairtí d'éilimh atá gan íoc agus rioscaí neamhchaite, agus déantar doiciméadú orthu sna beartais chuntasaíochta anseo thíos. Tá na forálacha le haghaidh éilimh gan íoc agus rioscaí neamhchaite bunaithe ar modhanna achtúireacha ríofa á n-athbhreithniú ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Towers Watson Limited.

Préimheanna Scríofa

Is éard atá i gceist le hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam préimhe is infhaighte ó bhaill maidir le beartais a thosaíonn sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le préimheanna neamhthuillte ná an chuid sin de phréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann leis an téarma beartais neamhchaite atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus ríofa ar bhonn cionranna ama.

Éilimh Thabhaithe

Is éard atá i gceist le héilimh thabhaithe ná éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana in éineacht le hathruithe ar sholáthairtí d'éilimh gan íoc, lena n-áirítear forálacha do chostas measta na n-éileamh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íoctha fós, éilimh tabhaithe ach gan a bheith tuairiscithe agus speansais láimhseála ghaolmhara.

Léiríonn an soláthar comhlán d'éileamh an dliteanas measta ag éirí as éilimh mhíochaine thabhaithe sa bhliain airgeadais reatha agus roimhe sin nár léirigh na héilimh atá le híoc fós. Ceadaíonn an soláthar do liúntas le haghaidh láimhseála éileamh agus speansas.

Déantar meastachán ar an soláthar éilimh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus eachtraí a tharlaíonn ina dhiaidh sin. Cuirtear coigeartuithe do mhéid an tsoláthair éilimh do bhlianta roimhe sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú.

Rioscaí Neamhchaite

Déantar foráil, bunaithe ar an eolas atá ar fáil ag dáta an chláir comhordaithe, d'aon easnamh measta frithgheallta i ndáil le rioscaí neamhchaite i ndiaidh aon toradh ábhartha ar infheistíocht a chur san áireamh. Déantar toimhdí stuama ionas gur cheart go mbeadh an foráil leordhóthanach i gcúinsí neamhfhabhracha atá réasúnta intuartha.

Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí ama idir fharasbarr incháinithe an Bhoird agus a fharasbarr mar a shonraítear sna cuntais. Déantar na soláthairtí ag na rátaí cánach a mbítear ag súil a mbeidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina mbítear ag súil go n-aisiompóidh difríochtaí ama. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is gur dóchúil go bhfaighfear ar ais iad.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta [AR LEAN]

Faoiseamh cánach bainteach le haois agus Tobhach an Árachais Sláinte

Is éard atá i gceist le faoiseamh cánach bainteach le haois agus Tobhach an Árachais Sláinte scríofa ná na méideanna infhaighte/iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le beartais a gcuirtear tús leo sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le soláthar do chreidmheasanna/tobhach neamhthuillte/gan chostas bainte ná an chuid sin de na creidmheasanna/tobhach scríofa sa bhliain a bhaineann leis an téarma beartais neamhchaite atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus ríofa ar bhonn cionranna ama. Aithnítear an glansochar ar bhonn préimhe tuillte thar saolré na mbeartas agus áirítear mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais é.

Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe ag costas, lúide dímheas carntha. Riomhtar dímheas chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a gcuid saolréanna fóna measta ar bhonn méid chothroim mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
Bogearraí	4-6 bliana
Troscán, feisteas agus trealamh oifige	5 bliana

I gcás caiteachais a thabhaítear ag forbairt córas ríomhaireachta atá suntasach ó thaobh méid de agus a mheastar a mbaineann tairbhe gheilleagrach leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin amach anseo, déanfar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Tá an tréimhse seo faoi réir uasmhéid sé bliana. I gcás neamhchinnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach amach anseo, baintear an caiteachas ón gcuntas ioncam agus Caiteachais.

Infheistíochtaí

Sonraítear infheistíochtaí atá coinnte le haghaidh trádála, lena n-áirítear urrúis liostaithe, ag luach an mhargaidh. Is éard atá i luach an mhargaidh ná an praghas tairgthe, lúide ús fabhráithe ag dáta an chláir chomhordaithe. Cinntear gnóthachain/caillteanais ar idirbhearta infheistíochta ar bhonn meánchostais agus déantar taifead dóibh sa chuntas ioncaim agus Caiteachais.

Sonraítear infheistíochtaí, nuair atá sé i gceist iad a choinneáil go dtí an dáta fuascailte, lena n-áirítear stoic rialtais agus stoic ráthaithe rialtais, ag costas amúchta thar an tréimhse idir an dáta ceannaigh agus an dáta fuascailte.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhonn luachála margaidh oscailte. Déanann luachálaithe neamhspleách a cáilithe go gairmiúil na luachálacha. Coinnítear na maoiní uile atá áitithe ag an mBord i ndeisiúocht leanúnach maith. Mar thoradh air sin, breithníonn na stiúrthóirí go bhfuil aon dímheas i leith saolta geilleagracha agus luachanna iarmharacha na maoiní seo neamhsuntasach agus mar sin ní sholáthraítear é.

Lagú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach an mhargaidh, le haghaidh táscairí laghdaithe ag dáta gach clár comhordaithe. Tá sócmhainní airgeadais lagaithe nuair atá fianaise oibiachtúil ann, mar thoradh ar eachtra amháin nó níos mó a tharla tar éis na sócmhainne airgeadais a aithint i dtosach, go bhfuil curtha isteach ar shreabhadh airgid measta na hinfeistíochta sa todhchaí.

Ioncam Infheistíochta

Glactar leis go n-áirítear ioncam a thuilltear ar bhonn lá go lá in urrús ar stoic agus taiscí bainc ar ús seasta. Tugtar cuntas ar an ioncam uile ar bhonn fabhráithe. Áirítear ioncam ó ghnáthscuireanna ar bhonn na ndíbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

Toradh na hInfheistíochta

Is bunaithe ar thoradh iarbhír infheistíochta a thuairiscítear torthaí oibriúcháin. Tá leithdháileadh thoradh na hinfheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an toradh ar infheistíochtaí a bhaineann leis an ngnó árachais.

Infheistíochtaí i gComhfhiontair, Fochuideachtaí agus Comhlaigh

Áirítear fochuideachtaí faoin modh costais.

Áirítear comhlaigh agus comhfhiontair faoi mhodh an chothromais ghlain.

Sochair Scoir

Cinntear an costas a bhaineann le sochair agus dlíteanais na bpleananna sochair shainithe a sholáthar ag baint úsáide as an aonaid creidmheasa réamh-mheasta, le luachálacha achtúireacha á gcur i bhfeidhm ag dáta gach clár comhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime reatha sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlána. Aithnítear iarchostas seirbhíse láithreach. Aithnítear an farasbarr nó easnamh glan ar an scéim pinsean shochair shainithe, glan ó chánachas iarchurtha, ar an gclár comhardaithe.

Ina theannta sin, soláthraíonn an Bord sochair do phinsinéirí áirithe chomh maith i leith clúdaigh árachais sláinte, atá neamh-mhaoinithe. Déantar oibleagáid an Bhoird maidir leis na sochair seo a thomhas ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta agus déantar lascainiú air go dtí an luach reatha, le luachálacha achtúireacha á ndéanamh ag dáta gach clár comhardaithe. Aithnítear méid iomlán oibleagáide an Bhoird ar an gclár comhardaithe agus áirítear an muirear don bhliain sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Costais Éadála Iarchurtha

Cuirtear na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais, atá inchurtha go díreach i leith gnó nua a ghnóthú, síos mar speansais sa tréimhse chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear na costais éadála eile go léir mar speansais nuair a thabhaítear iad.

Tar éis iad a aithint i dtosach, iarchuirtear na costais seo i gcomhréir le soláthar na bpréimheanna neamhthuillte. Dá bhrí sin, is ionann an méid atá iarchurtha agus an céatadán de na costais éadála iomlána atá idir sholáthar na bpréimheanna neamhthuillte agus na hollphréimheanna scríofa. Déantar taifead ar amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais..

Déantar athbhreithniú ar chostais éadála iarchurtha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus discríobhtar iad nuair a bhreithnítear nach bhfuil siad inghnóthaithe níos mó ó chorrlaigh ionchais sa todhchaí.

Cuntas Ioncaim & Caiteachais

CUNTAS TEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE

	Nótaí	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Préimh Thuillte:	2		
Ollphréimheanna scríofa		1,331.2	1,350.6
Athrú ar an soláthar comhlán do phréimheanna neamhthuillte		3.7	(37.0)
		1,334.9	1,313.6
Ioncam infheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhteicniúil		22.5	26.7
		1,357.4	1,340.3
Ioncam teicniúil eile:			
Creidmheasanna/tobhach cánach bainteach le haois	3	37.2	29.8
Éilimh thabhairthe:			
Éilimh íoctha		(1,238.6)	(1,340.6)
Athrú ar an soláthar d'éilimh		(68.7)	14.7
	4	(1,307.3)	(1,325.9)
Glanchoistais oibriúcháin	5	(90.3)	(92.4)
Iarmhéid sa chuntas teicniúil um árachas sláinte		(3.0)	(48.2)


CUNTAS NEAMHTEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE

	Nótaí	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Iarmhéid sa chuntas teicniúil um árachas sláinte		(3.0)	(48.2)
Ioncam infheistíochta	6	22.5	26.7
Toradh ar infheistíocht leithdháilte aistrithe chuig an gcuntas teicniúil árachais sláinte		(22.5)	(26.7)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		(3.0)	(48.2)
Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(0.1)	6.5
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais tugtha ar aghaidh chuig na cúlchistí	8	(3.1)	(41.7)

D'fhaomh an Bord na cuntais ar an 23 Márta 2011, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

SÓCMHAINNÍ

	<i>Nótaí</i>	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Infheistíochtaí			
Talamh agus foirgnimh	9	25.2	28.7
Infheistíochtaí airgeadais eile	10	779.9	704.9
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ó bhaill ag éirí as oibríochtaí árachais		404.2	413.7
Féichiúnaithe eile	11	141.2	140.0
Sócmhainní Eile			
Sócmhainní inláimhsithe	12	27.3	35.5
Cánachas iarchurtha	13	9.5	8.3
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe			
Réamhíocaíochtaí		1.6	1.9
Ús fabhráithe		11.0	10.6
Costais éadála larchurtha	14	8.6	9.1
Iomlán na Sócmhainní		1,408.5	1,352.7


DLITEANAIS

	<i>Nótaí</i>	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		308.3	306.5
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar do phrémheanna neamhthuillte		482.9	486.7
Éilimh gan íoc		374.7	309.2
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe chuig baill ag éirí as oibríochtaí árachais		44.0	40.7
Creidiúnaithe agus fabhrúithe eile	15	163.6	153.3
Rótharraingt bhainc		3.7	17.9
Dlíteanas na Sochar Scoir	16	31.3	38.4
Iomlán na nDlíteanas		1,408.5	1,352.7

D'fhaomh an Bord na cuntais ar an 23 Márta 2011, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

Glan-sreabhadh Airgid Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	<i>Nótaí</i>	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17	83.1	(45.6)
Cánachas		4.6	-
Caiteachas caipitil		(3.6)	(3.4)
		84.1	(49.0)
Rinneadh Infheistiú ar an sreabhadh airgid mar seo a leanas:			
Méadú/(laghdú) ar shealúchais airgid		14.2	(4.3)
Glan-infheistíocht punainne/(laghdú)	18 & 20	69.9	(44.7)
Glanmhéadú/(laghdú) ar shreabha airgid	19	84.1	(49.0)

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta Iomlána

	<i>Nótaí</i>	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Easnamh don tréimhse airgid		(3.1)	(41.7)
Gnóthachan achtúireach ar an gciste pinsin	16	4.9	10.3
Gnóthachain/(cailteanais) iomlána aitheanta don tréimhse		1.8	(31.4)

Nótaí do na Cuntais

1. Gnóthas Leantach

Tá cuntais an Bhoird ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh agus, tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha chun leanúint ag feidhmiú sa todhchaí is intuatha. Agus an cinneadh seo á dhéanamh, measann na Stiúrthóirí go bhfuil sé feiliúnach a leithéid a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2011 agus pleananna meántréimhseacha an Bhoird. Tá sé de dhualgas reachtúil ar an mBord a chinntiú go ngineann Vhi um Chúram Sláinte cistí dóthanacha i margadh an árachais sláinte phríobháidigh chun freastal ar riachtanais an ghnó. Gan athchóiriú rialála leordhóthanach ní bheidh an dara rogha ag an mBord ach a mhalairt de straitéisí a chur i bhfeidhm a bheidh mar bhonn le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla an Bhoird.

2. Préimh Thuillte

Is ionann gnó árachais an Bhoird agus árachas sláinte go substaintiúil agus baineann préimh thuillte leis an réimse gnó seo den chuid is mó. Tá an t-ioncam ó tháirgí coimhdeacha cothrom le €18m. Rinneadh an gnó scríofa go léir i bPoblacht na hÉireann.

3. Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois agus Tobhach an Árachais Sláinte

In 2009, bunaíodh an tAcht Árachais Sláinte Leasaithe (Forálacha Ilghnéitheacha) agus ar cheann dá chuspóirí sonraithe bhí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus árachas sláinte pobalráitithe a fheabhsú.

Cuireadh tús faoin Acht seo le scéim eatramhach (trí bliana ag tosú in Eanáir 2009) a áiríonn tobhach ar chonarthaí árachais sláinte phríobháidigh ar mhaithe le ciste a chruthú ar a dtabharfar Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois ag an bhFoinse (ARTRS) a úsáidfear chun na costais árachais a bhaineann le daoine breacaosta a íoc.

Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois ag an bhFoinse

Faoi théarmaí an Achta, bhí na rátaí infheidhme le haghaidh 2010 i ndáil le faoiseamh cánach breise ag an bhfoinse mar seo a leanas;

Custaiméirí idir na haoiseanna;

50 - 59:	€200	(2009: €200)
60 - 69:	€525	(2009: €500)
70 - 79:	€975	(2009: €950)
80+:	€1,250	(2009: €1,175)

Tuilltear an faoiseamh cánach bainteach le haois thar théarma an bheartais. Ag an 31 Nollaig 2010, bhí luach an fhaoisimh chánach neamhthuillte cothrom le €87.7m.

Nótaí do na Cuntais [AR LEAN]

3. Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois agus Tobhach an Árachais Sláinte [ar lean]

Tobhach an Árachais Sláinte

Faoi théarmaí an Achta, tá Tobhach €185 le haghaidh gach duine fásta agus €55 le haghaidh gach leanbh le hóc i bhfoirm dleachta stampa tráth athnuachana nó bunaithe beartais árachais sláinte phríobháidigh. Ainneoin an tobhach a bheith le hóc go hiomlán tráth athnuachana nó bunaithe beartais, baintear é thar shaolré an bheartais agus ag 31 Nollaig 2010, bhí bhí an chuid neamhchaite den tobhach cothrom le €74.4m.

Bhí an glanmhéid a aithníodh sa chuntas ioncain agus caiteachais cothrom le €37.2m (faoiseamh cánach aoise €244.4m lúide tobhach €207.2m).

Féach nóta 25 a thugann breac-chuntas ar an ngá atá le réiteach níos buaine.

4. Éilimh Thabhaithe

Déanann an Bord measúnú gach bliain ar cibé an dtabhóidh sé caillteanais ar mhír neamhéagtha na gconarthaí atá ann cheana nó ar chonarthaí a bhfuil sé de dhualgas air a thosú nó a athnuachan. Tá meastachán na gcaillteanas seo bunaithe ar shamhail a úsáideann caighdeáin cleachtais achtúireacha oiriúnacha. Baineann an príomh-neamhchinnteacht le costas agus méid na n-éileamh amach anseo. Bhí an méid a soláthraíodh ag mí na Nollag 2010 cothrom le €10m (Nollaig 2009: Nialas).

5. Glanchostais Oibriúcháin

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Costais riaracháin	66.1	67.1
Costais éadála	23.7	25.4
Costais éadála larchurtha	0.5	(0.1)
	90.3	92.4

Tá na costais Árachais Sláinte Lárnaigh san áireamh sna glanchostais oibriúcháin cothrom le €82.7m agus baineann an €7.6m atá fágtha le táirgí coimhdeacha

	Noll-2010	Noll-2009
Ba é meánlíon na ndaoine, lena n-áirítear fostaithe páirtaimseartha, a bhí fostaithe ag an mBord ná:	878	907

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
B'ionann na costais foirne agus:		
Pánna agus tuarastail	46.8	47.2
Costais leasa shóisialaigh	4.7	4.8
Sochair scoir	5.5	6.1

Bhí na táillí iomlána, ranníocaíocht pinsin san áireamh, a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus a áiríodh sna glanchostais oibriúcháin sa bhliain go dtí Nollaig 2010 cothrom le tuarastal €411,420, (2009: €412,003) agus pá i gcoibhneas le feidhmíocht €37,500 i ndáil leis na blianta 2008 agus 2009 bainteach le cuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích.

6. Ioncam Infheistíochta

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Ioncam ó thalamh agus foirgnimh	0.1	0.2
Ioncam ó infheistíochtaí eile	21.5	34.3
Caillteanais ar réadú infheistíochtaí	(0.4)	(7.8)
Caillteanais neamhréadaithe ar thalamh agus foirgnimh	(3.5)	(12.3)
Gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí coinnithe go dtí tráth aibíochta	10.6	2.1
(Caillteanais)/gnóthachain ar infheistíochtaí coinnithe le haghaidh trádála	(5.5)	11.2
Costais bhainistíochta infheistíochta	(0.3)	(1.0)
	22.5	26.7

Aistríodh suim iomlán an toraidh ar infheistíocht ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil ar an mbonn go bhfuil cúlchistí an Bhoird níos ísle ná an leibhéal corrlaigh shócmhainneachta a theastaíonn ón rialtóir agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil na cúlchistí ar fad ag tacú leis na soláthairtí teicniúla.

7. Cánachas ar Ghnáthghníomhaíochtaí

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Cuimsíonn an muirear cánach sa chuntas ioncaim agus caiteachais:		
Cánachas reatha don bhliain	-	-
Cánachas iarchurtha - (muirear)/creidmheas	(0.1)	6.5
	(0.1)	6.5

Fachtóirí ag dul i bhfeidhm ar an muirear cánach reatha don tréimhse airgeadais

Ríomhtar an cánachas reatha don tréimhse airgeadais ag ráta atá difriúil ó ráta caighdeánach na cánach corparáide in Éirinn ar ionann é agus 12.5% (Nollaig 2009: 12.5%).

Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(3.0)	(48.2)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí, méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach corparáide de 12.5% (2009: 12.5%)	0.4	6.0
Éifeachtaí de chuid:		
Costais nach gceadaítear chun críocha cánachais	0.2	0.5
Caillteanais a thugtar ar aghaidh	(0.5)	(6.2)
Liúntais chaipitil atá níos mó ná dímhéas na tréimhse	(0.1)	(0.3)
Cánachas reatha don tréimhse airgeadais	-	-

Nótaí do na Cuntais [AR LEAN]

8. Easnamh ar Ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh Cánachais, Tugtha ar Aghaidh chuig na Cúlchistí

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Sonraítear easnamh na tréimhse airgeadais tar éis a ghearrtar:		
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	11.9	14.4
Luach Saothair an Bhoird (lena n-áirítear costais €9,553, (Nollaig 2009 €9,805))	1.0	0.9
Luach Saothair na nIniúcháirí		
Táille iniúcháireachta	0.1	0.1
Táillí tuairisceáin reachtúla eile	0.1	0.2
Táillí Neamh-iniúcháireachta	-	0.2

9. Talamh agus Foirgnimh

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Luacháil:		
Ag 1 Eanáir	28.7	40.7
Breiseanna	-	0.3
Cailteanas ar athluacháil	(3.5)	(12.3)
Ag deireadh na bliana	25.2	28.7

Tá an talamh agus na foirgnimh thuas áitithe ag an mBord dá chuid gníomhaíochtaí féin agus ar ruileas den chuid is mó.

Rinneadh luacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh ar 31 Nollaig 2010 ag luach margaidh oscailte de réir caighdeáin mheasúnaithe agus luachála Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte (RICS) Rinne na luachálaithe seachtracha, Thorntons Chartered Surveyors, Hamilton Osborne King, DTZ Sherry Fitzgerald agus O'Keeffe Auctioneers, na luachálacha seo.

Mura mbeadh athluacháil déanta ar an talamh agus ar na foirgnimh, bheadh siad curtha san áireamh ag na méideanna seo a leanas a léiríonn costas nó glanluach inréadaithe níos ísle.

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Costas tosaigh	19.8	19.5
Breiseanna	-	0.3
Costais deiridh	19.8	19.8

10. Infheistíochtaí Airgeadais Eile

	Noll-2010 Luach Margaidh €m	Noll-2010 Costas €m	Noll-2009 Luach Margaidh €m	Noll-2009 Costas €m
Coinnithe le haghaidh Trádála				
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	6.2	6.2	37.0	37.1
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	239.2	243.4	95.9	94.8
Infheistíochtaí eile	2.0	4.4	1.9	4.0
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	26.7	26.7	28.6	28.6
	274.1	280.7	163.4	164.5
	Costas Amúchta	Costas	Mar a athluadh Costas Amúchta	Costas
Coinnithe go haibíocht				
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	505.8	503.2	541.5	549.5
	779.9	783.9	704.9	714.0

Bhí luach margaidh na n-infheistíochtaí a coinníodh go dtí a dtráth aibíochta ag an 31 Nollaig 2010 cothrom le €446.6m (2009: €532.4m)

11. Féichiúnaithe Eile

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Cáin chorparáide	-	5.9
Faoiseamh cánach bainteach le haois/Tobhach	140.3	133.3
Féichiúnaithe eile	0.9	0.8
	141.2	140.0

Nótaí do na Cuntais [AR LEAN]

12. Sócmhainní Inláimhsithe

	Mótarfheithiclí €m	Fearais, trosán agus feisteá €m	Trealamh/ ríomhaireachta/ oifige & bogearraí €m	Iomlán €m
Costas				
Ag 1 Eanáir 2010	2.1	8.6	88.1	98.8
Breiseanna	0.6	0.4	2.9	3.9
Diúscairtí	(0.6)	-	(1.4)	(2.0)
Ag 31 Nollaig 2010	2.1	9.0	89.6	100.7
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2010	(1.5)	(7.6)	(54.3)	(63.4)
Muirear don tréimhse airgeadais	(0.5)	(0.5)	(11.0)	(12.0)
Díchurtha maidir le diúscairtí	0.6	-	1.4	2.0
Ag 31 Nollaig 2010	(1.4)	(8.1)	(63.9)	(73.4)
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig 2010	0.7	0.9	25.7	27.3
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig 2010	0.6	1.2	33.7	35.5

13. Sócmhainn Chánach Iarchurtha

Tá sócmhainn aitheanta maidir le cánachas iarchurtha do na difríochtaí uainiúcháin seo a leanas:

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Caillteanas/(gnóthachan) neamhréadaithe ar luacháil infheistíochta	0.5	(0.2)
Caillteanais trádála tugtha ar aghaidh	6.7	6.2
Difríochtaí uainiúcháin eile	2.3	2.3
Sócmhainn chánach iarchurtha iomlán	9.5	8.3

14. Costais Éadála Iarchurtha

Léirítear costais éadála mar speansais de réir mar a thuilltear na préimheanna lena mbaineann siad.

Baineann an tsuim €8.6m dá soláthraíodh ag 31 Nollaig 2010 (Nollaigs 2009: €9.1m) le costais tabhaithe i rith na bliana airgeadais ar féidir a shannadh go díreach do ghnó nua a ghnóthú.

Aithnítear na costais éadála eile go léir mar speansais nuair a thabhaítear iad.

15. Creidiúnaithe agus Fabhruithe Eile

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Faoiseamh cánach bainteach le haois/Tobhach	151.4	140.3
ÍMAT agus ÁSPC	1.2	1.2
Creidiúnaithe eile	1.0	1.0
Fabhruithe	10.0	10.8
	163.6	153.3

16. Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsean um shochair sainithe. Coimeádtar sócmhainní na scéime i gciste ar leith faoi riaradh iontaobhaí. I dteannta le teidlíochtaí pinsin, soláthraíonn an Bord sochair do phinsinéirí áirithe chomh maith i leith clúdaigh árachais sláinte. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na costais agus dliteanais sochair scoir, ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta de mhaoiniú. Tugtar maoiniú inmheánach don scéim pinsean. Bhí na ranníocaíochtaí leis an scéim le haghaidh an 12 mhí go dtí Nollaig 2010 cothrom le €7.7m (Nollaig 2009: €7.0m) agus tá siad bunaithe anois ar 16.5% de phá inphinsin.

Tá na luachanna a úsáidtear sa nochtadh seo bunaithe ar na luachálacha achtúireacha is déanaí, a rinneadh ar 31 Nollaig 2008 agus a nuashonraíodh ar 31 Nollaig 2010. Tá na méideanna curtha go hiomlán isteach sna cuntais de réir riachtanas FRS 17: 'Sochair Scoir'.

Tá na tuarascálacha achtúireacha ar fáil le scrúdú do bhaill na scéime agus níl siad ar fáil don phobal i gcoitinne le scrúdú.

Is iad na mór-thoimhdí a úsáidtear maidir leis an scéim pinsean ná:

	Noll-2010 %	Noll-2009 %
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.75	3.75
Ráta méadaithe i bpinsin á n-íoc	2.00	2.00
Ráta lascaine	5.70	5.75
Toimhde boilscithe	2.00	2.25

Is iad na rátaí toraidh ionchais fadtéarmacha ag deireadh na tréimhse airgeadais ná:

	Noll-2010 %	Noll-2009 %
Gnáthscaireanna	7.0	8.1
Ús seasta	4.3	3.2
Maoin	6.0	7.1
Eile	5.0	6.1

Nótaí do na Cuntais [AR LEAN]

16. Sochair scoir [ar lean]

Meán-ionchas saoil ualaithe le haghaidh táblaí mortlaíochta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh ag

	Noll-2010	Noll-2009
Ball 65 bliain d'aois (ionchas saoil reatha)	22.8	21.6
Ball 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag aois 65)	26.1	22.2

Ba iad na sócmhainní sa scéim phinsean ag luach margaidh ná:

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Gnáthscaireanna	82.8	68.0
Ús seasta	24.6	20.9
Maoín	3.0	3.0
Eile	13.2	10.6
Luach margaidh iomlán na sócmhainní	123.6	102.5
Luach reatha na ndlíteanas scéime	(135.6)	(128.5)
Easnamh sa scéim	(12.0)	(26.0)
Soláthar préimhe árachais sláinte neamhchistithe	(23.7)	(17.9)
Easnamh glan na sochar scoir	(35.7)	(43.9)
Sócmhainn chánach iarchurtha gaolmhar	4.4	5.5
Dlíteanas glan na sochar scoir	(31.3)	(38.4)
Cúlchistí		
Cúlchistí ag eisiadh dliteanas na sochar scoir	339.6	344.9
Dlíteanas na sochar scoir	(31.3)	(38.4)
Cúlchistí tar éis dliteanas na sochar scoir a chur san áireamh	308.3	306.5

16. Sochair scoir [ar lean]

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Gearrtha ar ghlanchoistais oibriúcháin		
Costas seirbhíse reatha	(2.9)	(2.8)
Costas báis sa tseirbhís	(0.2)	(0.2)
Sochair scoir eile	(0.9)	(0.8)
	(4.0)	(3.8)
Ús i ndlíteanais scéime	(8.7)	(8.0)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	7.3	5.8
Glanathrú ar an toradh oibriúcháin	(5.4)	(6.0)

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlána

	Noll-2010	Noll-2009
Toradh iarbhrí lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	5.2	9.6
Gnóthachain agus caillteanas ó thaithí ar dhlíteanais scéime	5.6	5.6
Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha agus airgeadais	(4.9)	(3.3)
Gnóthachan achtúireach	5.9	11.9
Cáin iarchurtha	(1.1)	(1.6)
Gnóthachan achtúireach iomlán	4.8	10.3

Gluaiseacht san easnamh glan i rith na tréimhse airgeadais

	Noll-2010	Noll-2009
Easnamh glan sa scéim ag tús na bliana	(38.4)	(49.7)
Costas seirbhíse reatha	(2.9)	(2.8)
Costas báis sa tseirbhís	(0.2)	(0.2)
Ranníocaíochtaí	7.7	7.0
Ús ar dhlíteanais scéime	(8.7)	(8.0)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	7.3	5.8
Gnóthachan achtúireach	5.9	11.9
Sochair scoir eile	(0.9)	(0.8)
Cáin iarchurtha	(1.1)	(1.6)
Easnamh Glan ag deireadh na Tréimhse Airgeadais	(31.3)	(38.4)

Nótaí do na Cuntais [AR LEAN]

16. Sochair scoir [ar lean]

Stair na gcaillteanas agus na ngnóthachan ó thaithí

	bliain dar críoch Noll-2010	bliain dar críoch Noll-2009	bliain dar críoch Noll-2009	bliain dar críoch Feabh-2008	bliain dar críoch Feabh-2007
Difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhir ar shócmhainní	5.2	9.6	(47.3)	(14.3)	3.5
% de shócmhainní scéime	4%	9%	(60%)	(12%)	3%
Gnóthachain agus caillteanas ó thaithí ar dhliteanas scéime	5.6	5.6	(8.9)	(2.5)	(4.7)
% de dhliteanas scéime	4%	4%	(7%)	(2%)	(3%)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán	4.9	10.3	(19.6)	3.1	1.2
% de dhliteanas scéime	4%	8%	(16%)	2%	1%

17. Réiteach an Easnamh Oibriúcháin leis an nGlan-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(3.0)	(48.2)
Muirir Dímhéasa	11.9	14.3
Sochair scoir	(2.3)	(1.0)
Gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(1.6)	(1.0)
Méadú ar sholáthairtí teicniúla um árachas sláinte	61.7	22.5
Laghú/(méadú) ar fhéichiúnaithe ó bhaill ag éirí as oibriochtaí árachais	9.5	(28.9)
Méadú ar fhéichiúnaithe agus réamhiocaíochtaí	(6.6)	(136.5)
Méadú i gcreidiúnaithe agus fabhruithe	13.5	133.2
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	83.1	(45.6)

18. Gluaiseacht in Oscailt agus Dúnadh Infheistíochtaí Punainne

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid don tréimhse	14.2	(4.3)
Infheistíochtaí punainne	69.9	(44.7)
Gluaiseachtaí ag éirí as sreafaí airgid	84.1	(49.0)
Athruithe ar luachanna margaidh	5.1	13.3
Gluaiseacht iomlán sa phunann	89.2	(35.7)
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag tús na tréimhse	687.0	722.7
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag deireadh na tréimhse	776.2	687.0

19. Gluaiseacht in Infheistíochtaí Airgid agus Punainne

	Ag 1 Eanáir 2010 €m	Sreabhadh airgid €m	Athruithe ar luach margaidh €m	Ag 31 Nollaig 2010 €m
Airgead sa bhanc agus ar láimh	(17.9)	14.2	-	(3.7)
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	37.0	(30.9)	0.1	6.2
Urrúis féich agus urrúis ar ús seasta eile coinnithe le haghaidh trádála	95.9	148.6	(5.3)	239.2
Urrúis féich agus urrúis ar ús seasta eile coinnithe go haibíocht	541.5	(46.3)	10.6	505.8
Infheistíochtaí eile	1.9	0.4	(0.3)	2.0
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	28.6	(1.9)	-	26.7
	687.0	84.1	5.1	776.2

20. Anailís ar Shreafaí Airgid le haghaidh Ceannteidil Arna Ríomh sa Ráiteas Sreabhadh Airgid

	Noll-2010 €m	Noll-2009 €m
Infheistíochtaí punainne		
Ceannach scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	5.0	-
Ceannach urrúis féich/urrúis ar ús seasta	1,225.2	1,242.7
Ceannach infheistíochtaí eile	0.4	0.6
Ceannach taiscí le hinstiúidí creidmheasa	1,449.7	1,250.9
Díol urrúis agus urrúis toraidh athraithe eile	(35.9)	(163.9)
Díol urrúis féich/urrúis ar ús seasta	(1,122.9)	(1,143.6)
Díol taiscí le hinstiúidí creidmheasa	(1,451.6)	(1,231.4)
Glan insreabhadh/eis-sreabhadh airgid ar infheistíochtaí punainne	69.9	(44.7)

Nótaí do na Cuntais [AR LEAN]

21. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil suntasacha ann ag deireadh na bliana airgeadais.

22. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I gcomhar le mórán aonán eile, déileálann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh i ngnáthchúrsa gnó le gníomhaireachtaí Rialtais eile, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte trí ospidéal phoiblí, agus le hinstiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Rialtais. Chomh maith leis sin, ceapann an tAire Sláinte Baill Bhoird freisin. Dá réir sin, áiríonn idirbhearta le páirtithe gaolmhara Rialtais eile éilimh agus íocaíochtaí costais eile, agus idirbhearta baincéireachta agus infheistíochta. Ní nochtar sonraí a leithéid sin d'idirbhearta ar leithligh mar is í tuairim an Bhoird nach ionann é agus eolas úsáideach do léitheoirí na ráiteas airgeadais.

Leasa na gComhaltaí Boird agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird sa Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh ná ina fhochuideachta ag aon am i rith na bliana.

Féach freisin ar nóta 24 le haghaidh leasanna i gComhfhiontair, Fochuideachtaí agus Gnóthais Ghaolmhara.

23. Íoc Pras Cuntas

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála), 2002).

Rinne an tAcht thuasluaite rialú ar na híocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana 2010 chun íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a chomhrac. Baineann an tAcht seo le hearraí agus seirbhísí a chuireann soláthraithe atá bunaithe san Eoraip ar fáil don Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Ráiteas na gcleachtas íocaíochta lena n-áirítear tréimhsí caighdeánacha íocaíochta

Cuireann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh beartas i bhfeidhm ina n-íoctar sonraisc gan cheistiú uile na soláthraithe laistigh de théarmaí comhaontaithe na híocaíochta. Is ionann na téarmaí caighdeánacha atá sainithe san ordú ceannaigh caighdeánach agus 30 lá. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i bhfeidhm i gcásanna ina gcomhaontaítear conradh ar leith leis an soláthraí.

Comhlíonadh na Treorach

Comhlíonann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh riachtanais na reachtaíochta maidir le híocaíochtaí soláthraí uile. Tá mionathrú déanta ar nósanna imeachta agus córais, lena n-áirítear córais ríomhairithe, chun an Treoir a chomhlíonadh. D'fheidhmigh na nósanna imeachta go maith i rith na bliana.

Cinntíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta ach ní iomlán in aghaidh neamhchomhlíonta.

24 Fo-ghnóthais agus Gnóthais Ghaolmhara

Is é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh an t-aonán rialúcháin bunaidh agus feidhmíonn sé mar Vhi um Chúram Sláinte.

Bhunaigh Vhi um Chúram Sláinte fochuideachta, Vhi Occupational Health Ltd, le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2008. Tá an chuideachta seo atá cláraithe in Éirinn suite i dTeach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá an chuideachta faoi úinéireacht 100% an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh. Is é nádúr na n-oibríochtaí sa bhfochuideachta seo ná Seirbhísí Sláinte Saothair a sholáthar.

Chuir Vhi um Chúram Sláinte fochuideachta ar bun freisin, Vhi HomeCare Ltd, le héifeacht ó Nollaig 2009. Tá an chuideachta seo atá cláraithe in Éirinn suite ag 8, Ionad Gnó an Úlloird, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24. Is leis an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh 50% den chuideachta. Is é nádúr na n-oibríochtaí sa chuideachta seo ná Seirbhísí Insilte Baile agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Cuireadh tús le trádáil i mí Feabhra 2010.

Tá Comhfhiontar ag Vhi um Chúram Sláinte le Centric Health chun trí chlinic mionghortaithe a fheidhmiú faoin ainm Vhi Swiftcare.

Tugtar léargas ar na haonáin seo in Infheistíochtaí Airgeadais Eile ar an gClár Comhardaithe.

25. Riachtanas Ceadúnais Árachóra Údaraithe

D'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí go mbeadh ar chumas Vhi um Chúram Sláinte iarratas ar cheadúnas mar árachóir údaraithe a chur faoi bhráid Bhanc Ceannais na hÉireann faoin 1 Eanáir 2012. Agus an t-iarratas á mheas, cuireann Banc Ceannais na hÉireann roinnt tástálacha i bhfeidhm, lena n-áirítear, inter alia,

- a) leorgacht an leibhéil sócmhainneachta reatha
- b) leorgacht an tseasaimh mheántréimhsigh shócmhainneachta bunaithe ar chás doirbh 5 bliana.

Tá seasamh Vhi um Chúram Sláinte i leith an chorrailigh shócmhainneachta riachtanach ag 31 Nollaig 2010 léirithe i mír na dTorthaí agus Graif Chomparáideacha.

Ní mór go mbeidh dóthain caipitil ag Vhi um Chúram Sláinte le Banc Ceannais na hÉireann a shásamh sa chás nach bhfuil scéim chuimsitheach um Chothromú Riosca níos buaine le cur i bhfeidhm in ionad an bhirt eatramhaigh (féach ar nóta 3).

Tá leibhéal sócmhainneachta reatha de chuid Vhi um Chúram Sláinte cothrom le 22.8% (Nollaig 2009: 22.3%). Teastaíonn leibhéal sócmhainneachta 40% ó Bhanc Ceannais na hÉireann. D'fhonn na riachtanais seo a chomhlíonadh, caithfear bearta a ghlacadh chun an seasamh sócmhainneachta riachtanach a bhaint amach faoin dáta dlite, rud a éileoidh caipiteal breise agus/nó bearta eile cosúil le hatharachas agus fofhiach

Torthaí Comparáideacha

	Mar a athluadh				
	Bliain dar críoch Feabh-2007 €m	Bliain dar críoch Feabh-2008 €m	10 mí go dtí Noll-2008 €m	Bliain dar críoch Noll-2009 €m	Bliain dar críoch Noll-2010 €m
Préimh thuillte	1,020.1	1,153.0	1,025.4	1,313.6	1,334.9
Éilimh thabhairthe	(890.0)	(940.1)	(972.0)	(1,325.9)	(1,307.3)
Creidmheas cánach aoise lúide Tobhach	-	-	-	29.8	37.2
Bunchostais oibriúcháin	(74.0)	(81.8)	(77.5)	(84.7)	(82.7)
Táirgí coimhdeacha na gcostas oibriúcháin	(9.3)	(9.6)	(7.2)	(7.7)	(7.6)
Toradh ar infheistíocht	27.8	16.3	(42.5)	26.7	22.5
Muirear/(creidmheas) cánach	(5.1)	(18.2)	8.8	6.5	(0.1)
(Easnamh)/farasbarr don tréimhse	69.5	119.6	(65.0)	(41.7)	(3.1)
Cóimheas (easnaimh)/farasbairr/ Ioncaim	6.8%	10.4%	(6.3%)	(3.2%)	(0.2%)
Cúlchistí	299.8	422.5	337.9	306.5	308.3
Sócmhainneacht reachtúil íosta	196.1	214.6	224.6	255.3	283.2
Cóimheasa Airgeadais	%	%	%	%	%
Leibhéal an chorrailigh sócmhainneachta	27.9	35.9	27.7	22.3	22.8
Éilimh (glanfhaoiseamh cánach aoise) mar % den phréimhe tuillte	87.2	81.5	94.8	98.7	95.1
Costais oibriúcháin mar % den phréimh tuillte - Árachas Sláinte	7.4	7.2	7.6	6.4	6.3

Ríomhtar sócmhainneacht íosta mar atá léirithe thuas de réir fhorálacha Rialachán Neamhshaoil an AE 1976, (arna leasú), rud nach bhfuil sé de dhualgas ar Vhi um Chúram Sláinte a chomhlíonadh i láthair na huaire.

Beidh riachtanais sócmhainneachta nua i bhfeidhm do Ghnóthais Árachais nuair a thabharfar isteach Treoir Sócmhainneachta nua an AE, ar a dtugtar 'Solvency II'. Tá an Treoir fós á forbairt agus níltear ag súil go dtabharfar chun críche í agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm go dtí 2013 ar a luaithe.

Bainistiú Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht

In 2010 d'úsáid Vhi um Chúram Sláinte **5,348,175 kWh** fuinnimh, lena n-áirítear:

- **4,278,911 kWh leictreachais.** I measc na bpríomhúsáideoirí leictreachais áirítear: soilsiú (20%), cumhacht oifige/ionad sonraí (44%), seirbhísí ginearálta/aerchóiriú (30%), cistin (6%).
- **1,069,264 kWh de bhreosla iontaise (gás nádúrtha).** I measc na bpríomhúsáideoirí fuinnimh de ghás nádúrtha tá téamh spáis agus seirbhísí uisce te (95%), cistin (5%).

Gníomhartha arna chur i gcrích in 2010

- **Monatóireacht ar Fhuinneamh:** Córais uathoibríocha monatóireachta fuinnimh suiteáilte le haghaidh Vhi um Chúram Sláinte, Sráid na Mainistreach agus Vhi um Chúram Sláinte, Cill Chainnigh.
- **Córais Bhainistithe Fuinnimh i bhFoirgnimh:** Córais bhainistithe fuinnimh i bhfoirgnimh uasghrádaithe agus feabhsaithe i Vhi um Chúram Sláinte, Sráid na Mainistreach, agus i Vhi um Chúram Sláinte, Cill Chainnigh. Éifeachtacht mhonarcha uasmhéadaithe trí rialú agus seicheamhú éifeachtach agus téamh agus fuarú comhuaineach uaslaghdaithe.
- **Coirí Comhdhlúthúcháin:** Coirí comhdhlúthúcháin suiteáilte in ionad na gcoirí a bhí ann cheana i Vhi um Chúram Sláinte, Sráid na Mainistreach, agus i Vhi um Chúram Sláinte, Cill Chainnigh.
- **Soilsiú LED:** Soilsiú LED suiteáilte in ionad spotsoilsiú halaigine i Vhi um Chúram Sláinte, Sráid na Mainistreach agus i Vhi um Chúram Sláinte, Cill Chainnigh, rud a bheidh mar bhonn le coigilteas bliantúil de 27,000kWh leictreachais.
- **Oiliúint Bainistíochta Fuinnimh:** Oiliúint EnergyMAP de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) le haghaidh ball foirne Vhi um Chúram Sláinte, Sráid na Mainistreach, agus Vhi um Chúram Sláinte, Cill Chainnigh.
- **Soláthar agus Táillí Fuinnimh:** Athraíodh an soláthróir leictreachais ar mhaithe le costais leictreachais a laghdú.

Measadh go raibh na gníomhartha a cuireadh i gcrích in 2010 mar bhonn le coigilteas bliantúil fuinnimh de 340,000kWh.

Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2011

- Clár Foirmiúil um Bhainistiú Fuinnimh: Clár agus córas tuairiscithe foirmiúil um bhainistiú fuinnimh a fhorbairt d'fhoirgnimh/d'áitribh uile de chuid Vhi um Chúram Sláinte de réir treoirínte agus treoracha an Rialtais agus SEAI.
- Fuinneamh In-athnuaite/Malartach: Tá mac léinn iarchéime ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath le tabhairt faoi thionscadal taighde ar an gcumas a bhaineann le húsáid a bhaint as fuinneamh in-athnuaite/malartach i bhfoirgnimh de chuid Vhi um Chúram Sláinte.
- Ionad TFC/Sonraí: Clár éifeachtachta bainistithe fuinnimh um Ionad TFC agus Sonraí a chur i bhfeidhm.
- Soilsiú: Tionscadail maidir le huasghrádú agus rialú soilsithe a chur i bhfeidhm.
- Bainistiú Fuinnimh i bhFoirgnimh /Monatóireacht ar Fhuinneamh: Straitéisí rialaithe monarcha um chóras bainistithe fuinnimh i bhfoirgnimh a mheas agus a fheabhsú.

Meastar go mbeidh gníomhartha atá beartaithe don bhliain 2011 mar bhonn le coigiltis fuinnimh iomlána bhliantúla de 350,000kWh.



Ghlac breis agus 80,000 leanbh páirt sa 1,000 Campa Cúl CLG Vhi a réachtáladh in 2010. Cuireadh tús leis na campaí seo in 2006, agus is éard atá iontu ná clár atá á chomhordú ar bhonn náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leis leanaí scoile idir 6 agus 13 bliain a spreagadh chun scileanna spóirt a fhoghlaim agus a fhorbairt beag beann ar chumas, mar aon le tuiscint ar chothrom na féinne do chách agus ar dhul chun cinn pearsanta a fhorbairt trí bheith páirteach i gCluichí Gaelacha, i dtimpeallacht spraoiúil, neamhiomaíoch. Chomh maith leis sin, fuair 300 leanbh an deis a mbrionglóidí a bhaint amach i mí Mheán Fómhair nuair a fuair siad deis cluiche a imirt i bPáirc chlúiteach an Chrócaigh mar chuid de Thuras Lae Cúl Vhi in 2010. Is comórtas náisiúnta é Turas Lae Cúl Vhi a raibh cead ag an 80,000 leanbh a d'fhreastail ar cheann de na campaí a réachtáladh i rith an tsamhraidh cur isteach air.

Campaí Cúl CLG de chuid Vhi